

# Teagmháil IMD

Lena gcuimsítear Tuarascáil Bhliantúil 2020/2021

## San eagrán seo

**AN FHREAGAIRT AR COVID-19**  
AG OBAIR CHUN TUSA A CHOINNEÁIL  
SLÁN AGUS SÁBHÁILTE  
AG FORBAIRT TODHCHAÍ NÍOS FEARR

**#COINNIGHSLÁN**  
**#COINNIGHLÁIDIR**  
**#COSAINARACHÉILE**  
BUÍOCHAS LENÁR GCÓNAITHEOIRÍ UILIG



## San eagrán seo...

- 2 Fáilte ón Chathaoirleach

---

- 3 Teachtaireacht ón Phríomhfheidhmeannach

---

- 4 An fhreagairt ar COVID-19

---

- 10 Ag obair chun tusa a choinneáil slán agus sábháilte

---

- 14 Forbairtí agus Feabhsúcháin ar fud an Cheantair

---

- 21 An Saol amuigh Faoin Spéir

---

- 24 Ag forbairt todhchaí níos fearr

---

- 27 Ag tacú le Gnólachtaí agus le Daoine Eile

---

- 32 Fóraim na dToghcheantar (DEA) dár gcuid

---

- 34 **Tuarascáil Bhliantúil**  
An Méid atá ar Intinn againn a Bhaint Amach: An Plean Corparáideach

---

- 35 Fírí agus Fígiúirí (Rialú Tógála, Ceadúnú)

---

- 36 Conas a d'Éirigh Linn: Plean Feabhsaithe Feidhmíochta

---

- 37 An Dóigh a gCaitheann Muid do chuid Airgid 2020/21

---

- 38 Do Chomhairleoirí

---

- 40 Uimhreacha Úsáideacha


## Déan Teagmháil!


**Comhairle Ceantair an Iúir, Mhúrn agus an Dúin**

Teil: 0330 137 4000

Rphost: info@nmandd.org

newrymournedown.org

 /nmdcouncil

 @nmdcouncil



**An Comhairleoir Laura Devlin**  
Cathaoirleach

**Nuair a ghlac mé le ról an Chathaoirligh de bhur gcuid i Meitheamh 2020 bhí a fhios agam go maith go mbeadh bliain os ár gcomhair neamhchosúil le bliain ar bith roimhe seo. Ach bhí na dúshláin uathúla a bhain le COVID-19 gan fasach, áfach.**

Agus muid ag teacht go dtí deireadh geimhridh uafásaigh do go leor daoine, tá mé ag smaoineamh ar dtús orthu siúd a chaill duine muinteartha mar gheall ar Choróinvíreas, agus ar ár n-oibríthe cúram sláinte a chuaigh i bhfeidhm ar go leor daoine mar gheall ar a dtiomantas, a gcúram agus a gcomhbhá. Tá muid faoi chomaoin agaibh.

Bhí COVID-19 ina chúis le hanró, le strus agus le himní do go leor teaghlach. Agus ba phribhléid dom i measc na ndeacrachtaí a bhí os ár gcomhair chun an dianiarracht a fheiceáil chun tacú leo siúd a bhí buailte ar an bhealach is measa inár gceantar. Ó na hoibríthe deonacha inár gclubanna spóirt, inár ngrúpaí pobail agus iad siúd atá ag obair i moil áitiúla, go dtí na daoine a chuidigh inár mbainc bhia, chuaigh an spiorad flaitiúil agus comhbhách atá le fáil inár bpobal i gcion go mór orm.

Mar Chathaoirleach bhí an deis agam deontais a thabhairt do bhainc bhia ar fud an cheantair agus cuid den obair iontach a dhéanann ár n-oibríthe deonacha a fheiceáil dom féin. Bhí mé faoi dhraíocht ag a dtiomantas agus bhí an-bhród orm as ár bpobal. Gabhaim buíochas le gach duine agaibh. Leanfaidh an Chomhairle chun obair a dhéanamh lenár gcomhpháirtithe d'fhonn cuidiú le réitigh a aimsiú dóibh siúd atá buailte ar an bhealach is measa.

Cé go raibh cuid mhór de na himeachtaí ar a mbeinn ag freastal de ghnáth ina n-imeachtaí fíorúla de bharr na srianta a bhain le COVID-19, is cúis áthais dom go raibh mé in ann teagmháil a dhéanamh le slua mór agaibh ó laistigh de mo theach féin, agus scéimeanna tábhachtacha á seoladh agam, teagmháil á déanamh le grúpaí agus ag cuidiú leis na teachtaireachtaí sláinte faoi COVID-19 a chur in iúl ar bhonn áitiúil

Go raibh maith agaibh siúd a sheol teachtaireachtaí chugam agus a rinne a ndícheall chun an treoir a chomhlíonadh. Ag uaireanta bhí sé dúshlánach agus bearránach, ach tá mé thar a bheith buíoch díobh siúd uile a chur le freagairt Cheantar an Iúir, Mhúrn agus an Dúin ar COVID-19.

Tá súil againn go bhfuil an chuid is measa taobh thiar dinn, ach tá go leor dúshlán os ár gcomhair sna míonna le teacht de réir mar a leantar le hobair chun acmhainn na turasóireachta dár gcuid a réadú agus chun tacú le gnólachtaí áitiúla dár gcuid. Leanfaidh mé chun an méid agus is féidir liom a dhéanamh mar Chathaoirleach chun obair a dhéanamh ar do shon.



## Nuair a smaoiním ar an áit ina raibh muid an t-am seo den bhliain anuraidh, is deacair smaoinemh ar an mhéid atá athraithe agus atá coitianta anois inár saolta laethúla.

Ba dhúshlán dúinn uile COVID-19 ar bhealaí a bhí doshamhlaithe dúinn roimhe seo agus is iad na teaghlaigh atá ag déanamh bróin ar son daoine muinteartha atá cailte atá buailte ar an bhealach is measa, mar aon leo siúd atá ag streachailt chun gnólachtaí a choinneáil ar siúl, agus na hoibrithe bunriachtanacha atá fós ar an líne thosaigh.

Mar Chomhairle ghlac muid le bearta go gasta chun ár seirbhísí a dhéanamh sábháilte agus chun obair a dhéanamh le comhpháirtithe sa phobal chun cúnamh a sholáthar dár gcónaitheoirí is leochailí, agus lean muid chun dul in oiriúint i gcomhréir leis an mhéid a éilítear le treoir sláinte poiblí. Gabhaim buíochas arís le fostaithe agus le baill thofa na Comhairle a chuaigh níos faide ná mar a bhí iarrtha orthu chun cúnamh a chur ar fáil.

Feicfidh tú de réir mar a léifidh tú an iris seo cé is móite den fhreagairt thosaigh ar an phaindéim, tá lorg COVID-19 le feiceáil sa smaointeoireacht ar fud cuid mhór dár seirbhísí. Is cuma más an dóigh a ndéanann muid gnólachtaí a threorú agus a thacú sa réimse fíorúil atá i gceist, nó cúnamh a thabhairt do chónaitheoirí chun fanacht gníomhach le linn na dianghlasála, nó ag fanacht nasctha trí chúnamh ó Fhóir na dToghlimistéar Ceantair (DEA) dár gcuid, tá mé cinnte go mbeidh tionchar ag na dóigheanna nua atá faighte againn chun oibriú le chéile ar ár smaointeoireacht le blianta fada le teacht.

Tá smaointeoireacht uaimhianach de dhíth anois níos mó ná riamh, agus tá áthas orm go leantar le dul chun cinn a dhéanamh ar phleananna móra chun an ceantar a athnuachan. Sa bhliain seo a chuaigh thart chuir an Chomhairle Cásanna Gnó Imlíneacha cuimsitheacha ar aghaidh do thionscadal Athnuachana Lár Chathair an Lúir agus do thionscadal Tairseach Bheanna Boirche araon, agus obair á déanamh ag an am céanna lenár bpáirtithe i mBeart Cathrach Réigiún Bhéal Feirste maidir le cláir réigiúnacha a chur chun cinn lena soláthrófar bonneagar digiteach agus nuálaíochta mar aon le clár infhostaitheachta agus scileanna. Sula ndearna an Chomhairle a Plean Corparáideach nua a sheoladh le haghaidh 2020-2021 i mí Eanáir, seoladh Straitéis Forbartha Eacnamaíche agus Athnuachana nua freisin, a mbaineann a príomhchuid le gnólachtaí áitiúla a thacú agus infheistíocht agus poist a tharraingt chuig an cheantar.

Tá tréimhsí dúshlánacha os ár gcomhair de réir mar a thosóidh muid chun teacht amach as buaicphointe na paindéime seo, ach tá ár gcuid pleananna fós slán.

## Teastaíonn uainn go mbeidh ár gceantar ar cheann de na háiteanna is fearr le cónaí ann, le hobair a dhéanamh ann, le hinfheistíocht a dhéanamh ann agus le cuairt a thabhairt air.

**Sa domhan tar éis COVID-19, leanfaidh muid chun abhcóideacht a dhéanamh ar son na dtorthaí is fearr dár saoránaigh agus dár ngnólachtaí.**



**Marie Ward**  
Príomhfheidhmeannach



# Mol Comhoibrithe Pobail ag croílár ár bhfreagairt ar COVID-19

Ba bhliain dhúshlánach í 2020 dúinne uile, go háirithe dóibh siúd inár bpobal ar tugadh comhairle dóibh iad féin a dhíonadh nó chun féinleithlisiú ó Mhárta go dtí deireadh mhí an Iúil.

I mí an Mhárta bhunaigh an Chomhairle Mol Comhoibrithe Pobail COVID-19 chun a chinntiú gur cuireadh cúnamh ar fáil do na daoine is leochailí sin inár gceantar. Ba é an aidhm chun beart comhchoiteann, comhordaithe agus sprioctha a chinntiú le rannpháirtíocht Roinn na bPobal (DfC), an dá lontaobhas Sláinte agus Cúraim Shóisialta, na Gníomhaireachta Sláinte Poiblí agus comhlachtaí ionadaíoch na hEarnála Deonaí agus Pobail. Chun a chinntiú go raibh siad in ann bia agus seirbhísí eile a rochtain, ghlac foireann Thoghlimistéar Ceantair na Comhairle leis an ról de thacaíocht a thabhairt do Mhol Comhoibrithe Pobail COVID-19 na Comhairle ar leibhéal áitiúil.

Agus í ag díriú go príomha ar an scéim beartán bia a eagrú arna maoiniú ag an DfC, bhainistigh an fhoireann DEA atreoruithe, rinne sí maoirseacht ar thriáiseáil, agus chomhordaigh sí seachadadh beartán bia chuig teaghaisí trinár gcomhpháirtithe deonacha agus pobail agus trí na hoibrithe deonacha a thug a gcuid ama chun cuidiú linn. Bunaíodh lárionaid dáilte ag Ionad Fóillíochta an Iúir, ag Ionad Fóillíochta an Dúin agus ag Ionad Fóillíochta Chill Chaoil ar feadh an phróisis.

Chun tuairim de na dúshláin a bhí ann a fháil, le linn na 17 seachtain de dhíonadh,

seachadadh líon iomlán de 18,407 mbosca bia le cúnamh ó 144 eagraíocht agus ó dhaoine aonair ar fud cheantar an Iúir, Mhúrn agus an Dúin. Le linn na seachtaine buaice, seachadadh 1,902 bhosca bia chuig na cónaitheoirí is leochailí dar gcuid. Sa bhreis air sin, phléigh comhordaitheoirí DEA agus na foirne tacaíochta dá gcuid le go leor atreoruithe nár bhain le bia maidir le saincheistean a bhain le breosla, le leigheasanna, le hiompar agus le teagmháil shóisialta. Agus iad ag obair le chéile, sholáthair an Chomhairle agus an pobal líne tharrthála luachmhar le cur ar chumas na ndaoine a bhí faoi dhíonadh nó ag féinleithlisiú chun an méid a bhí de dhíth orthu a aimsiú.

Tá an Chomhairle freagrach as forbairt Phlean Phobail an cheantair a chomhordú agus as obair a dhéanamh lena comhpháirtithe chun é a sheachadadh. Bhí cuid mhór den fhreagairt ar an ghéarchéim tógtha ar chaidrimh a bunaíodh nó a neartaíodh trí Phleanáil Phobail. Bhí comhpháirtithe ullmhaithe go maith chun obair a dhéanamh le chéile agus chun cinntiú a ghlacadh go tapa. Tá muid ag súil chun an fhoghlaim ón eispéireas sin a chur i bhfeidhm ar fhorbairt seirbhísí amach anseo le comhpháirtithe na Pleanála Pobail dár gcuid.



## Scéim deontais um fheabhsúcháin siopaí COVID-19

Mar chuid de phlean téarnaimh COVID-19 do ghnóilachtaí atá buailte ag COVID-19, chuir Roinn na bPobal agus an Roinn Talmhaíochta, Comhshaoil agus Gnóthaí Tuaithe maoiniú dar luach £886,000 ar fáil do chomhairlí chun Scéim Athnuachana um Fheabhsúcháin Siopaí COVID-19 a chur i bhfeidhm.

Cuireadh maoiniú ar fáil le haghaidh bearta a chur i bhfeidhm chun treoirínite scartha shóisialta a chomhlíonadh. Bhí freagairt mhór ar fud an cheantair ar an ghlaao ar iarratais agus ar dheontais de suas le £1,000 le haghaidh trealaimh agus díghalráin agus scáileáin san áireamh.



# Cuidítear le cónaitheoirí eispéiris sa phaindéim a thaifeadadh le taisceadán todhchaí



## Cad a smaoineoidh na daoine a bheidh beo 100 bliain sa todhchaí faoi COVID-19?

D'fhonn cuidiú leis sin, chruthaigh an Chomhpháirtíocht Póilínachta agus Sábháilteachta Pobail (PCSP) taisceadán todhchaí do dhaoine óga ar fud an cheantair. Sa chomórtas tugadh cuireadh dóibh a gcuid eispéireas a chomhroinnt maidir leis an dianghlasáil i bhfoirm ealaíne nó i bhfoirm chlóschríofa. Chomh maith le cuidiú le daoine óga chun a smaoineamh gur éisteadh leo le linn na dianghlasála, táthar ag súil go ndéanfar a gcuid eispéireas i bpaindéim COVID-19 a thaifeadadh do dhaoine le léamh sna blianta le teacht.

Fuarthas na céadta iontrálacha, agus fuair an buaiteoir agus an duine sa dara háit a nduaiseanna ó Chathaoirleach an PCSP, an Comhairleoir John Trainor. Cuireadh na hiontrálacha uile i leabhar cuimhneacháin speisialta ionas go mbeidh cuimhneachán buan ag gach rannpháirtí ar a iontráil. Cuireadh cóip den leabhar sin i dtaisceadán todhchaí, atá curtha anois i láthair rúnda laistigh den cheantar.

I dtionscadal ar leith, chruthaigh PCSP Cheantar an Iúir, Mhúrn agus an Dúin físeán gairid freisin chun na dúshláin a bhí os comhair ár ndaoine sa cheantar sa chéad dianghlasáil go luath in 2020 a thabhairt chun suntais. Taispeántar íomhánna de shráideanna folmha san fhíseán mar aon le limistéir turasoireachta chiúine ar fud an cheantair. Tar éis di an fhreagairt shuntasach ón phobal ar an fhíseán ar na meáin shóisialta a thabhairt faoi deara, d'iarr Oifig Taifead Poiblí Thuaisceart Éireann (PRONI) go gcuirfí an píosa ina Cartlann Fan sa Bhaile, atá á cruthú faoi láthair mar thaifead ar an phaindéim reatha.

**i** Tá físeán COVID-19 an PCSP ar fáil anois le féachaint air ar chuntas **YouTube an PCSP** agus ar: **Facebook /newrymourneanddownpcsp** **Twitter @nmd\_pcsp**



## Oibríthe bunriachtanacha ar an líne thosaigh

Bhí oibríthe athchúrsála agus bailitheoirí dramhaíola na Comhairle i measc na n-oibríthe bunriachtanacha ar an líne thosaigh ag tús COVID-19. Ár mbuíochas leo siúd a d'fhág teachtaireachtaí tacaíochta le linn na tréimhse i bhfoirm croitheadh láimhe, nótaí, cártaí agus bronntanas – cruthúna croíúil ar an dóigh a gcomhoibrigh cónaitheoirí Cheantar an Iúir, Mhúrn agus an Dúin le linn na tréimhse dúshlánaí seo. Tá cónaitheoirí ag cuidiú freisin trí hanlaí a ngabhdán a ghlanadh roimh na bailiúcháin agus ina ndiaidh, trí shláinteachas maith a choimeád agus ábhar athchúrsála agus dramhaíl á láimhseáil acu agus trí scaradh sóisialta a choinneáil nuair a bhíonn criúnna bailithe ag obair.

# Teagmháil a dhéanamh leat le linn COVID-19

Cuireadh deiseanna ar fáil don Chomhairle le paindéim Coróinvírís chun dóigheanna nua agus cruthaitheacha a aimsiú d'fhonn teagmháil a dhéanamh le cónaitheoirí agus chun tacú leo.



Spreagadh daoine chun fanacht sa bhaile a mhéad agus is féidir, agus bhí fócas nua ar theicneolaíocht dhigiteach, ar phobail a thabhairt le chéile, biodh is gur ar bhonn fíorúil é sin, in imeachtaí agus i ngníomhaíochtaí ceiliúrtha agus ar phríomhsheirbhísí a sheachadadh ar líne nuair is féidir. Sheachaid an Chomhairle níos mó ná 20 feachtas meán sóisialta maidir le raon de phríomhsheirbhísí ó cuireadh an dianghasáil i bhfeidhm i Márta 2020. Bhí na feachtais dírithe go príomha ar fheasacht ar shláinte poiblí agus seachadadh iad ar Instagram, ar SnapChat agus ar Facebook. D'oibrigh an Chomhairle i gcomhpháirtíocht freisin le daoine eile amhail iontaobhais sláinte áitiúla, an PSNI, Feidhmeannas Thuaisceart Éireann agus an Ghníomhaireacht Sláinte Poiblí chun a cuid teachtaireachtaí a sheachadadh.

Seo a leanas roinnt de na feachtais:

- Ceantar Amháin, Teachtaireacht Amháin GNÍOMHAIGH ANOIS Comhlíon na Rialacha
- Is Grá le Coróinvíreas Slua... Is Féidir Leat Difear a Dhéanamh
- Níl Tú i d'Aonar

Ceantar Amháin,  
Teachtairacht Amháin

**182,000**  
Teagmháil

Is Grá le  
Coróinvíreas Slua

**286,000**  
Teagmháil

Níl Tú i  
d'Aonar

**116,000**  
Teagmháil




Is féidir le cónaitheoirí buaicphointí na bliana a fheiceáil ar chainéal YouTube na Comhairle agus ar na nithe a leanas freisin:

Facebook /nmdcouncil

Twitter @nmdcouncil

Instagram @newrymournedowndc




## Cumhdach le linn na paindéime

*Le cuidiú leis na feachtais dhigiteacha 'Níl Tú i d'Aonar' agus 'Níl Aon Leithscéal Ann' um dhrochíde sa bhaile, chuidigh an fhoireann le haghaidh Cumhdaigh le hairead a dhíriú ar an dóigh is féidir tacaíocht a sholáthar dóibh siúd a fhulaingíonn an drochíde sin.*

Déantar leathanach um Chumhdach a choimeád cothrom le dáta ar láithreán gréasáin na Comhairle ina bhfuil comhairle thábhachtach maidir le cad le déanamh má smaoiníonn tú go bhfuil díobháil á déanamh do dhuine éigin. Cuirtear rochtain ar fáil ar an láithreán gréasáin sin freisin ar bhileoga dár gcuid maidir le Cumhdach, ina bhfuil faisnéis thábhachtach maidir le cad le déanamh má tá imní ort faoi shábháilteacht aon duine agus ár saoráidí a n-úsáid agat.



[www.newrymournedown.org/safeguarding](http://www.newrymournedown.org/safeguarding)



# Gnó IMD: treoir, tacaíocht, comhairle i réimse fíorúil

*Sna céad naoi mí de 2020, trí chlár Ghnó IMD na Comhairle tacaíodh le níos mó ná 1,000 gnólacht agus seachadadh 30 clár agus ceardlann fócasaithe agus saincheaptha. Lean muid chun a chinntiú go raibh an tacaíocht a bhí ar fáil solúbtha agus freagrúil ionas go raibh sí fós ábhartha do riachtanais na ngnólachtaí le linn 2020 agus ar aghaidh isteach in 2021.*



Is tosaíocht é don Chomhairle cúnamh a thabhairt do ghnólachtaí chun teacht i dtír tar éis thionchar COVID-19 agus chun ullmhú le haghaidh fáis tar éis na paindéime. Mar sin de, mar fhreagairt dhíreach, soláthraíodh tacaíocht fíorúil do ghnólachtaí leis na clár uile, lena áiríodh gnólacht a thosú, a choimeád ag imeacht agus a fhás, gnólacht digiteach a fhorbairt, gnó a aimsiú trí dheiseanna soláthair leanúnacha agus pleanáil le haghaidh téarnaimh. Seachadadh tacaíocht ar bhonn duine le duine agus trí cheardlanna straitéiseacha freisin, trí imeachtaí agus trí dheiseanna líonraithe fíorúil.

Ar feadh phaindéim COVID-19, bhí príomhfhócas ar #Athsheoladh Gnólachtaí ar fud an cheantair. Ba phríomh-imeacht é Cruinniú Mullaigh Ceannasaíochta a óstáil do níos mó ná 1,000 gnólacht an 30 Meitheamh 2020, agus saineolaithe agus straitéisithe a bhfuil cáil orthu ar fud an domhain á dtarraingt le chéile. Bhí Declan Kelly (comhairleoir le POFanna agus le gnólachtaí den chéad scoth) agus Feargal McCormack as PKF FPM (comhairleoir le gnólachtaí móra ar oileán na hÉireann) ina n-aiochainteoirí ag an imeacht.

Sa bhreis air sin, bhí an Chomhairle i gceannas ar sheachadadh Sheachtain Fiontraíochta IMD ón 16 Samhain go dtí an 20 Samhain 2020, agus níos mó ná 400 rannpháirtí á dtabhairt le chéile, ó ábhair fiontraithe go gnólachtaí seanbhunaithe. Bhí níos mó ná 20 imeacht ar siúl ar líne, ag díriú ar chéim luath de smaoineamh gnó a fhorbairt agus ar thacaíocht eacnamaíoch agus ar théarnamh freisin ar fud príomh-earnálacha gnó, arna seachadadh trí sheimineáir, trí cheardlanna, trí dheiseanna líonraithe agus trí sheisiúin mheantóireachta agus iad uile ar bhonn fíorúil. Seachadadh gach imeacht ar líne, idir imeachtaí beo agus cinn arna dtaifeadadh roimh ré, le cuidiú le gnólachtaí a thacú.

**i** Le haghaidh faisnéis bhreise a fháil agus chun iarratas a chur isteach ar cheann ar bith de chlár Ghnó IMD, féach [nmdbusiness.org/programmes](http://nmdbusiness.org/programmes)

## Ag Foghlaim le linn na Dianghlasála agus Níos Faide Anonn

Seoladh tairseach foghlama ar líne de chuid na Comhairle siar in 2019 agus saibhreas de chúrsaí Ríomhfhoghlama le fáil uirthi. Ach de réir mar a cuireadh teorainn ar roghanna le haghaidh foghlaim aghaidh ar aghaidh a sholáthar mar gheall ar COVID-19 áfach, glacadh le foghlaim ar líne ar bhonn suntasach. Tá sé réamh-mheasta go mbeidh Ríomhfhoghlaim ina dóigh don Chomhairle chun foghlaim agus forbairt a sheachadadh go ceann i bhfad d'fhonn tacú lenár bhfostaithe agus lenár mbaill thofa, agus ar deireadh thiar an tseirbhís a sholáthraimid a fheabhsú.






*Le linn na dianghlasála iarradh ar na hiarsmalanna dár gcuid a bheith i gceannas ar thionscadal a raibh an aidhm aige an dóigh a ndeachaigh COVID-19 i bhfeidhm ar an saol laethúil a thaifeadh don dream a thiocfadh inár ndiaidh. Theastaigh uainn bheith ar an eolas faoin iarmhairt a bheadh aige sin ar dhaoine aonair, ar ghnólachtaí, ar thráchtáil, ar na healaíona, ar chultúr, ar spórt agus ar an saol reiligiúnach i gceantar an Iúir, Mhúrn agus an Dúin.*

# LIVING IN LOCK DOWN

Bhí an méid sin i bhfoirmeacha éagsúla, ó scannánaíocht le drón a choimisiúnú ar cheantar iomlán na Comhairle thar chúrsa dheireadh seachtaine na Cásca, go grianghrafadóireacht shocair a choimisiúnú, go cuireadh a thabhairt do dhaoine ábhar a chur isteach i bhfoirm cuntas i scríbhinn, físeán, dánta agus grianghraf.

Seoladh an tionscadal in Aibreán 2020 agus tarraingíodh níos mó ná 200 aighneacht agus tá daoine fós ag léiriú spéise i gcur leis an tionscadal. Coimisiúnaíodh grianghraif leis an tionscadal freisin ar dheireadh na chéad dianghlasála, lena léiríodh daltaí agus iad ag caitheamh masc i scoileanna, ionaid tástála COVID-19 agus athoscailt earnálacha amhail gruagairí.

Bhí cuid de na saothair thar a bheith tochtmhar, amhail insint faoi theacht abhaile chun freastal ar shochraid theaghlaigh. Bhí cinn eile thar a bheith



Photographs and permissions by Raphael Mason and Columba O'Hare





croíuil, lenar áiríodh cuntais ar obair dheonach le Tionscadal 'Visor' Ardscoil Mhuire, an tIúr agus Ardscoil Mharcais, an Pointe.

Chuir grúpaí chomh maith le daoine aonair leis an tionscadal. Áiríodh leo sin Gasóga a thionóil cruinnithe clúide 'fíorúla' agus machnaimh ó naíonra na luathóige ar an Iúr. Ghlac bunscoileanna páirt ann freisin agus chuir daltaí cuntais isteach faoi raon leathan ábhar agus garraíodóireacht, cócaireacht agus bÁCáil san áireamh, mar aon lena gcuid smaointe ar scolaíocht bhaile. Thug daoine eile an dóigh chun suntais a gcaill siad féilte tábhachtacha a cheiliúradh amhail Lá Fhéile Pádraig. Rinne gnólachtaí áitiúla éagsúlú freisin chun cúnaimh a sholáthar, agus taispeánadh i bhfiseán amháin go raibh drioghlann áitiúil ag déanamh díghalrán láimhe anois.

Is é an chéad chéim eile anois chun na saothair uile sin, mar aon leis na doiciméid agus na déantáin a deonaíodh, a chur ar bhunachar catalógaithe Modes. Beidh sé sin ina thaifead tábhachtach maidir le conas a bhí daoine ag maireachtáil le linn na bliana thar a bheith dúshlánach agus deacair seo agus beidh sé ar fáil do na glúnta le teacht.





## Pacáí Coimeádta Te

*Mar gheall ar ardchostais breoslaí agus aimsir níos fuair, uaireanta bíonn sé deacair ár mbaile a théamh go himleor d'fhonn coimeád te. Do go leor daoine, d'fhéadfadh maireachtáil i mbaile fuar a bheith ina cúis le breoiteacht agus do dhaoine eile d'fhéadfadh sé riochtaí sláinte a dhéanamh níos measa, go háirithe dóibh siúd a chaitheann go leor ama laistigh nó a bhfuil deacrachtaí siúil acu.*

Forbraíodh Pacáí Coimeádta Te arna maoiniú ag an Gníomhaireacht Sláinte Poiblí chun tacaíocht láithreach, ghearrthearma a sholáthar dóibh siúd is mó atá i mbaol d'fhonn cuidiú leo coimeád níos teo le linn aimsir fuar. Sa bhreis air sin, is féidir roinnt de na hearraí a chaitheamh faoi chóta le haghaidh inliú breise a sholáthar agus iad ag dul amach faoin spéir.

Ar aon dul le critéir ón Gníomhaireacht Sláinte Poiblí (PHA), chomhordaigh an Chomhairle leithdháileadh 535 Phaca Coimeádta Te i Samhain 2020 do na cónaitheoirí siúd a bhfuil cúnaimh de dhíth orthu. Chun a shocrú má tá tú cáilithe le haghaidh deontas bochtaineachta breosla maidir le hinsliú cuasbhallaí/lochta nó maidir le coire nua, déan teagmháil leis an fhoireann Teasa Inacmhainne ar 0330 137 4024.



Le haghaidh faisnéis a fháil maidir le bochtaineacht breosla féach [www.communities-ni.gov.uk/topics/housing/fuel-poverty](http://www.communities-ni.gov.uk/topics/housing/fuel-poverty)

# Gach Duine Gníomhach 2020

Is cuid mhór iad ár gclár Gach Duine Gníomhach (EBA) dár misean mar Chomhairle chun bheith i gceannas agus chun freastal ar cheantar atá rathúil, sláintiúil agus inbhuanaithe.


Nuair a thosaigh an dianghlasáil le linn Mhí an Mhárta 2020 chuaigh an Chomhairle in oiriúint go gasta chun deiseanna a chur ar fáil do chónaitheoirí ar fud an cheantair le 'Bheith Gníomhach' i sábháilteacht a mbailte agus a ngairdíní féin. Bhí rochtain ag cách ar ranganna Zoom ar líne agus cuidíodh le dóigh a sholáthar do dhaoine le fanacht i dteagmháil le daoine eile agus lena gcuid aclaíochta agus folláine a fheabhsú. I measc na ngníomhaíochtaí bhí ióga, bunscoilleana, Tai Kwon Do, neart agus cothromaíocht, damhsa agus Chi Me. Rinne cóitseálaithe nasc le hionadaithe pobail chun seisiúin aclaíochta a eagrú i limistéir phoiblí ina raibh rannpháirtithe in ann páirt a ghlacadh óna ngairdíní agus óna ndoirse.

Le linn mhíonna an tsamhraidh de réir mar a maolaíodh na srianta, bunaíodh ranganna agus imeachtaí lasmuigh. Áiríodh leo sin seisiúin aclaíochta do theaghlaigh, ranganna damhsa sráide, Tai Chi, aclaíocht ar chathaoireacha, dianchampaí agus grúpaí siúil. De réir mar a tugadh srianta breise isteach in 2020 agus isteach in 2021, athraíodh pleananna uair amháin eile agus bogadh na gníomhaíochtaí uile go gasta ar líne. Ghlac níos mó ná 200 páiste agus daoine óga ó ar fud an Lúir, Mhúrn agus an Dúin páirt i gCampaí Spóirt Diamhra na Samhna ina ndearna siad scileanna i spóirt a fhorbairt amhail lúthchleasaíocht, peil Ghaelach, sacar agus ealaíona comhraic. Cuireadh seisiúin do theaghlaigh agus do dhaoine fásta ar siúl arís maidir le hióga, ciorcaid meáchain choirp agus Chi Me.

Le linn 2020 sholáthair ár bhfoireann EBA tacaíocht agus sheachaid siad seisiúin dár Ranganna Atreoruithe Sláinte agus Bog Níos Mó Macmillan, chomh maith le raon de chlár a sholáthar do ghrúpaí pobail i limistéir Athnuachana Comharsanachta ar fud Iontaobhas Sláinte agus Cúraim Shóisialta an Deiscirt.



# Bí cúramach faoi do luas agus **moilligh** ar ár mbóithre



## Spreagtar cónaitheoirí chun bogadh le **Bí Gníomhach** ar son Sláinte!

### An bhfuil tú réidh le bheith níos gníomhaí?

Is clár aclaíochta fisiciúil 12 sheachtain é Bí Gníomhach ar son Sláinte lena gcuirtear tacaíocht ar fáil dóibh siúd a dteastaíonn uathu bogadh níos mó.

Déanann comhordaitheoirí na Comhairle um Bí Gníomhach ar son Sláinte riachtanais agus spéiseanna na ndaoine a ghlacann páirt a mheasúnú agus soláthraíonn siad seisiúin aclaíochta fisiciúil atá saincheaptha dóibh ag am agus ag láthair atá oiriúnach dóibh. Cuirtear tacaíocht iomlán ar fáil thar thréimhse 12 sheachtain. Tá an clár maoinithe go comhpháirteach ag an Chomhairle agus ag Iontaobhais Sláinte agus Cúraim Shóisialta an Oirdheiscirt agus an Deiscirt.

Déantar roinnt gníomhaíochtaí grúpa leis an chlár Bí Gníomhach amháil siúlóidí agus ciorcaid do thosaitheoirí a bhíonn ar siúl laistigh agus lasmuigh. Ar feadh na paindéime chuaigh an fhoireann in oiriúint trí sheisiúin ar líne, dúshláin siúil fhíorúla, aclaíocht shábháilte lasmuigh agus dúshláin sheachtainiúla ar fhíseáin a sholáthar. Tá muid dírithe ar dhaoine nach déanann aon aclaíocht a chuidiú le bheith gníomhach!



Le haghaidh faisnéis bhreise a fháil déan teagmháil le [bactive@nmandd.org](mailto:bactive@nmandd.org)

*Suiteáladh seacht nGaireas Taispeánta Luais nua (SIDanna) mar chuid dár dtiomantas do na bóithre a dhéanamh níos sábháilte do chónaitheoirí.*

Is uirlis ardaithe feasachta iad na SIDanna agus braitheann siad agus taispeánann siad luasanna fíor-ama gluaisteán a théann thart agus tugtar comhairle do thiománaithe leo chun moilliú d'fhonn díobháil thromchúiseach agus bás a chosc ar ár mbóithre.

D'oibrigh Comhpháirtíocht Póilíneachta agus Sábháilteachta (PCSP) an Iúir, Mhúrn agus an Dúin in éineacht lena comhpháirtithe i Seirbhís Bóithre Roinn an Bhonneagair (DfI) agus sa PSNI chun láithreáin a shainiú do na comharthaí sin, agus fócas ar láithreacha a taifeadh mar láithreáin imní pobail i dtaca le tiomáint róghasta. Tá na SIDanna suite ag na láithreáin a leanas: Bóthar an Bhaile Úir, Camloch; Bóthar Fhoirceala, an tIúr; Bóthar Bhaile Loch Cuan, Dún Padraig; Bóthar Shrioglaí, Chill Ó Laoch; Bóthar Bhaile Átha Cliath, Caisleán Uidhilín; Bóthar Chill Bhrónaí, Ros Treabhair agus an Phromanáid Theas, an Caisleán Nua.

Thar am, tá muinín ag an PCSP agus ag an Chomhairle go mbeidh na SIDanna ina gcuidiú le tiomáint róghasta a laghdú ar fud an cheantair agus go gcuideoidh siad le hidirghabhálacha sábháilteachta eile ar bhóithre a thabhairt isteach sa cheantar. Déanfaidh an PCSP seacht SID bhreise a shuiteáil ag láithreacha éagsúla ar fud an cheantair go luath in 2021.



Le haghaidh faisnéis bhreise a fháil seol ríomhphost chuig [pcsp@nmandd.org](mailto:pcsp@nmandd.org)



# BOG NÍOS MÓ



Ba bhliain dheacair í 2020 do chách agus maidir leo siúd a fuair diagnóis maidir le hailse agus a bhí ag déileáil leis sin, ba bhliain níos uaigní ná riamh í.

Leanann clár Bog Níos Mó Macmillan chun tacaíocht a chur ar fáil do dhuine ar bith a fuair diagnóis maidir le hailse d'fhonn a chuid aclaíochta a fheabhsú agus chun a neart meabhrach a fhorbairt freisin. Cuirtear raon de ranganna laistigh, lasmuigh agus ar líne ar fáil leis an chlár ar fud an cheantair a bhaineann go sainiúil le hailse chomh maith le dreasachtaí eile amhail ballraíocht thrí mhí saor in aisce in ionaid fóillíochta. Thug Colleen Franklin, a d'oibrigh le comhordaitheoir Bog Níos Mó Laura McGrath, léargas ar chlár Bog Níos Mó ó thaobh an rannpháirtí de:

"I nDeireadh Fómhair 2018 thit mo shaol as a chéile nuair a fuair mé diagnóis d'aile chéice agus mé 44 bliana d'aois cé go ndearna mé mé féin a choimeád thar a bheith aclaí agus sláintiúil. Tar éis cóireáil a fháil le haghaidh bliana agus ceithre mhí bhí orm m'aghaidh a thabhairt ar an saol arís mar a bhí sé roimhe sin."

"I samhradh 2019 tugadh bileog maidir le Bog Níos Mó dom, ina raibh faisnéis faoi dhul ar ais chun na haclaíochta agus ag buaileadh le daoine cosúil liom féin. Bhuaill mé le Laura a bhí go hiontach agus chuidigh sí liom ar an oiread dóigh chun dul ar ais sa saol réadúil arís. Gach Máirt bhí mé in ann mo chuid aclaíochta a dhéanamh ag mo luas féin, gan bhrú ó dhuine ar bith chun coinneáil suas le caighdeán ach mise á spreagadh chun mo dhícheall a dhéanamh. Ag an am sin, bhí mé thíos seal agus thuas seal, ach ba mhór an spreagadh dom go raibh a fhios agam go raibh mé in ann dul chuig mo ranganna Bog Níos Mó le m'aintín. Thaitin an cupa tae agus an comhrá liom tar éis na gciocard leis na rannpháirtithe eile agus bhí a fhios go beacht acu conas a mhothaigh mé agus iad ag tabhairt leideanna agus comhairle dá cheile. Thosaigh mé ag mothú níos muiníní tar éis gach seachtaine agus chuaigh mé chuig cóisir na Nollag fiú agus an ghruaig an-ghéarr orm."

"I nDeireadh Fómhair chuaigh mé ar ais chun na hoibre tar éis saoire dhá bhliain; murach Laura agus an clár Bog Níos Mó agus an mhuinín agus an tacaíocht a thug siad dom, ní smaoiním go mbeinn in ann riamh dul ar ais chun na hoibre. Ba mhaith liom buíochas ollmhór a ghabháil le Laura agus leis an fhoireann Bog Níos Mó as gach rud a dhéanann siad do chách agus as mo shaol a thabhairt ar ais dom. Coinnigh leis an obair shármhaith."



Más mian leat faisnéis níos mó a fháil nó más mian leat dul leis an chlár Bog Níos Mó, déan teagmháil le Laura McGrath ar **07769 285 574** nó seol ríomhphost chuig [re@nmandd.org](mailto:re@nmandd.org)

**MACMILLAN**  
CANCER SUPPORT



## Leathnaítear áiseanna ar líne le hAip Bí Gníomhach IMD

Le hAip Bí Gníomhach IMD ligtear do níos mó áiseanna ná riamh anois. Le linn na paindéime, cuireadh ar ár gcumas leis sin freisin acmhainn a bhainistiú go gasta, scaradh sóisialta a chinntiú agus cuidiú le rianú teagmhálaithe.

### Ligtear duit na nithe a leanas a dhéanamh le hAip Bí Gníomhach IMD anois:

- Seisiúin gionmáisiom agus lánaí snámha atá ar fáil a chur in áirithe agus cnaipe á cliceáil
- 'Seisiúin snámha ghinearálta' a chur in áirithe do snámh spraoi teaghlaigh (má tá ticéad don Phríomh-Linn agat is féidir leat linnte na leanaí agus na bhfoghlaimoirí a úsáid).
- Féachaint ar na ranganna aclaíochta uile ar fáil go héasca agus ceann a chur in áirithe trinár gcnaipe 'Ranganna a Chur in Áirithe'.
- Féachaint ar ghníomhaíochtaí ar fud an cheantair amhail scuais agus liathróid láimhe agus iad a chur in áirithe.
- Faisnéis láithreach, cothrom le dáta a fháil maidir le seirbhísí fóillíochta lena n-áirítear imeachtaí, tairiscintí, fógraíocht agus clár ranganna snámha.



Tabhair faoi deara: D'fhéadfadh roinnt dár seirbhísí fóillíochta agus spóirt a bheith faoi réir ag srianta COVID-19 agus seans ann nach mbeadh siad ar fáil. Féach ár leathanach gréasáin le haghaidh na faisnéise is déanaí [www.newrymournedown.org/leisure-facilities](http://www.newrymournedown.org/leisure-facilities)

Íoslódáil aip Bí Gníomhach IMD saor in aisce ón Aipmhargadh nó ó Google Play





## Tabhair tús áite do do shláinte don bhliain le teacht

*Taispeánadh dúinn sna 12 mhí seo a chuaigh thart go bhfuil se níos tábhachtaí ná riamh chun tús áite a thabhairt do do shláinte fhisiceach agus mheabhrach agus chun fíorbhainistíocht a dhéanamh ar aon riochtaí sláinte a bhí ann roimhe.*

Is clár 12 sheachtain an Scéim Atreoraithe um Ghníomhaíocht Fhisiceach (PARS) atá dírithe orthu siúd a bhfuil riochtaí sláinte acu cheana féin a bhaineann le rómheáchan nó le murtall. Áirítear foirmeacha éagsúla de ghníomhaíochtaí laistigh agus lasmuigh leis amhail siúlóidí, ranganna aclaíochta bunaithe ar ghrúpaí agus clár bunaithe sa ghiomnáisiam maidir le hathshlánúchán a bhaineann le riocht sláinte an duine aonair. Má tá spéis agat i bpáirt a ghlacadh, is féidir le cliniceoirí éagsúla tusa a atreorú amhail dochtúirí ginearálta, fisiteiripeoirí, cógaiseoirí, foirne ildisciplíneacha agus altraí speisialtóireachta. Tá ranganna aclaíochta duine le duine agus grúpa-bhunaithe fós á seachadadh ar bhonn fíorúil agus cruthaíodh clár a bhaineann go sainiúil le riochtaí, amhail oisté-airtríteas agus hipirtheannas.



Le haghaidh faisnéis bhreise a fháil faoi scéim PARS, déan teagmháil le James McCorry, Comhordaitheoir Atreoraithe um Ghníomhaíocht Fhisiceach, ar **07920 783 586** nó seol ríomhphost chuig **james.mccorry@nmandd.org**



## Tugann teaghlaigh chróga léargas ar iarmhairt na tiomána contúirtí

**Scríodh an oiread teaghlach ag tiomáint chontúirteach i gceantar an lúir, Mhúrn agus an Dúin**

Le cuidiú Chomhpháirtíocht Póilíneachta agus Sábháilteachta (PCSP) an lúir, Mhúrn agus an Dúin, agus trí sheoladh an chlár faisnéise um shábháilteacht ar bhóithre dá cuid, 'Tionscadal Paulie', rinne an Chomhairle iarracht feasacht a ardú ar iarmhairt na tiomána contúirtí.

Seoladh an scannán gearr Thionscadal Paulie ar dtús i bPictiúrlann an lúir i Eanáir 2020 agus chonacthas é ar líne níos mó ná 60,000 uair anois. Tá an clár faisnéise cumhachtach sin, arna léiriú i gcomhpháirtíocht le Sábháilteacht ar Bhóithre TÉ, an PSNI agus Seirbhís Dóiteáin agus Tarrthála Thuaisceart Éireann dírithe ar scéalta pearsanta na dteaghlach áitiúil a bhí buailte ag tuairteanna tráchta bóthair. Míniú na teaghlaigh an iarmhairt a bhí ag tuairteanna tráchta bóthair ar a saolta agus tugtar léargas leis ar an bhriseadh croí agus ar an oidhreacht uafásach a bhíonn ina toradh ar thiomáint chontúirteach. Is féidir amharc ar Thionscadal Paulie anois ar chuntais Facebook, Twitter agus YouTube PCSP an lúir, Mhúrn agus an Dúin.

## Snáithíní comhchoitinne um lása thar an teorainn ar bhonn fíorúil

Cuireadh traidisiún déanta lása clúiteach an cheantair ar bhonn fíorúil le déanaí le tionscadal trasteorann nua. Bunaíodh an chomhpháirtíocht nua idir Limistéir Sáráilleachta Nádúrtha (AONB) Chomhairle Ceantair an lúir, Mhúrn agus an Dúin, Comharghnó Lása Ard Mhacha Theas agus Déantóirí Lása Bhuiríos, i gContae Cheatharlach.

Mhainigh an Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta an tionscadal mar chuid den Scéim Mhainithe um Chomhoibriú le Tuaisceart Éireann. Thacaigh sí leis an dá ghrúpa chun teicneolaíocht a úsáid d'fhonn rannpháirteachas a dhéanamh le chéile le linn na dianghlása. Rinneadh an dá ghrúpa a chumasú leis an tionscadal sin chun dóigheanna nua a fhoghlaim d'fhonn déanamh lása agus scéal na hoidhreachta taobh thiar de lása a chur chun cinn i measc pobail níos leithne.



Chun níos mó a fháil amach faoin tionscadal seo, féach láithreán gréasáin Chomhpháirtíocht Fháinne Cnoc Shliabh gCuillinn **www.ringofgullion.org**



## Forbairt Pháirc 3G críochnaithe ag Ionad Teaghlaigh Bhaile Uí Chornáin

Mar thoradh ar infheistíocht mhór ó Chiste Infheistíochta Sóisialta (SIF) Oifig an Fheidhmeannais agus ón Chomhairle tá páirc 3G lánmhéide nua ag Ionad Teaghlaigh Bhaile Uí Chornáin.

D'infheistigh an SIF £1,102,007.56 agus d'infheistigh Comhairle Ceantair an Iúir, Mhúrn agus an Dúin £125,000 i bhforbairt na páirce, lena mbaineann saoráidí gléasta, tuilsoile agus fálú agus carrchlós in aice léi ag an ionad pobail. Bhí áthas mór orainn an tsaoráid nua a thabhairt de lámh an 9 Deireadh Fómhair do Chumann Pobail Bhaile Uí Chornáin a mbainfidh an-úsáid aisti sa cheantar.

Is clár idirghabhála £80m de chuid an Fheidhmeannais an SIF. Is é aidhm an SIF bochtaineacht, dífhostaíocht agus meathlú fisiceach a laghdú trí idirghabhálacha straitéiseacha de scála suntasach bunaithe sa cheantar.



## Bolgán Leadóige an Iúir

Is dócha gur thug cónaitheoirí áitiúla an Bolgán Leadóige nua faoi deara ag Scoil Ghramadaí na Maighdine Muire, an tIúr. Dearadh an Bolgán Leadóige do chónaitheoirí chun taitneamh a bhaint as leadóg a imirt agus iad cosanta ar an aimsir lasmuigh.

Agus naisc fheabhsaithe ann idir an scoil agus Ionad Fóillíochta an Iúir, agus rochtain mhéadaithe ar na cúirteanna leadóige don phobal áitiúil, táthar ag súil go spreagfar níos mó daoine leis na saoráidí feabhsaithe chun leadóg a imirt go háitiúil agus chun éirí níos aclaí.

Soláthrófar acmhainn níos mó leis na cúirteanna do sheisiúin oiliúna leadóige agus imeachtaí na mbunscoileanna agus na meánscoileanna áitiúla i rith na bliana. Is féidir iad a úsáid freisin mar ionad satailíte do chlubanna leadóige chun foghlaimoírí agus baill a tharraingt trí scéimeanna leadóige páirce. Trí chláir Snáithe 4 Gach Duine Gníomhach 2020 de chuid Chomhairle Ceantair an Iúir, Mhúrn agus an Dúin is féidir le grúpaí príomhúla faoi ghannónadaíocht an tsaoráid sin a úsáid, lena n-áirítear daoine atá ina gcónaí i limistéir ina bhfuil géarghá sóisialta, mná agus daoine faoi mhíchumais.

Tá an tionscadal £250,000 seo maoinithe ag Comhairle Ceantair an Iúir, Mhúrn agus an Dúin, ag Roinn na bPobal agus ag Spórt TÉ tríd an tionscnamh maoinithe Do Scoil, Do Chlub.



Northern Ireland  
Executive

[www.northernireland.gov.uk](http://www.northernireland.gov.uk)

DELIVERING SOCIAL CHANGE  
THROUGH THE SOCIAL INVESTMENT FUND



Le haghaidh faisnéis bhreise a fháil maidir leis an Bholgán Leadóige déan teagmháil le [leisureandsport@nmandd.org](mailto:leisureandsport@nmandd.org) nó déan teagmháil le hIonad Fóillíochta an Iúir ar **0330 137 4026**. Tabhair faoi deara: D'fhéadfadh roinnt dár seirbhísí fóillíochta agus spóirt a bheith faoi réir ag srianta COVID-19 agus seans ann nach mbeadh siad ar fáil. Féach ár leathanach gréasáin le haghaidh na faisnéise is déanaí [www.newrymournedown.org/leisure-facilities](http://www.newrymournedown.org/leisure-facilities)



**FÍS CHATHAIR AN IÚIR NEWRY CITY VISION**

## NEWRY CITY CENTRE RE:GENERATION

Newry is the district's city, a strategic gateway between Belfast & Dublin. It is a key investment location that can stimulate economic growth and provide new and better employment opportunities for the whole district.

The Newry City Centre Regeneration programme aims to create an active city centre, diversifying its offer to attract visitors to an all-day economy, increasing the city's performance and resilience.

**PROJECTS**

- £12m Theatre/Conference & Digital Innovation Hub**  
will enhance the cultural, digital production and business conferencing offer of the city.
- Civic & Regional Hub of £9m**  
will create conditions for modern ways of working and service delivery for Council and other public sector partners.
- £5m Public Realm**  
will create linkages, places and focal points around the city's heritage for people to socialise and animate.
- Office Accommodation Fund of £3m**  
will help realisation of additional high quality office accommodation to support investment of new and better jobs.
- A budget Hotel**  
will serve the increasing visitor market, anticipated in response to the funded programme elements.
- Albert Basin Park**  
will create a new 15-Acre park at the heart of the city's maritime past for leisure, exercise and play.

**TIMELINE**

- It is planned to complete the Theatre/Conference, Civic & Regional Hub & Associated Public Realm by 2024
- The New Office Accommodation and the Hotel will be realised by the private sector over a longer timescale
- The Albert Basin Park is currently at concept stage, the timeline will be informed as proposals develop

**FUNDING**

- £20m** Newry, Mourne & Down District Council
- £9m** loaned from Belfast Region City Deal

**BENEFITS**

- £155m** Gross Value Added
- 300+** Jobs Created
- £5.3m** Salaries in Local Economy
- 235** Construction Jobs
- £1.8m** Tourism Spend/Evening Economy

Source: Newry City Centre Regeneration, Engineering Potential - Outline Business Case (October 2020)

For further information email: [info@nmandd.org](mailto:info@nmandd.org)

re:launch

an Iúir Mhúrn agus an Dúin Newry, Mourne and Down District Council



## Scéim Athnuachana uailmhianach Lár Chathair an Iúir ag dul chun cinn

*Tá clár Athnuachana Lár Chathair an Iúir réidh le tairbhí bunathraitheacha a sheachadadh do Chathair an Iúir agus don cheantar níos leithne.*

Trí na tionscadail athnuachana éagsúla déanfar infheistíocht dhíreach i gcroílár muirí agus stairiúil na cathrach, agus méadú ar bheocht agus ar líon na gcuariteoirí mar thoradh air sin, agus infheistíocht bhreise agus athnuachan á spreagadh. Sa bhreis ar infheistíocht £20m ón Chomhairle, d'aimsigh an tionscadal £8m breise ó Roinn na bPobal trí Bheart Cathrach Réigiún Bhéal Feirste (BRCD). De réir mar a dhéanfar na scéimeanna athnuachana a fhorbairt beidh sé mar aidhm againn maoiniú breise a ghíaráil ó na hearnálacha príobháideacha agus poiblí chun cuidiú lena seachadadh.

Is iad saoráidí amharaclainne/comhdhála le buiséad £12m agus saoráidí mhol Cathartha/Réigiúnach £9m na Comhairle bunchlocha na hinfeistíochta in athnuachan. Trí mhaoiniú £5m ón BRCD cruthófar Réimse Poiblí thart ar thionscadail na Comhairle, agus naisc atá ann á n-atreisiú agus naisc nua á gcruthu lena ndéanfar Cathair an Iúir níos oscailte agus níos inrochtana. Trí chiste oifige £3m cumasófar an earnáil phoiblí chun freagairt a dhéanamh ar bhonn solúbtha maidir le cóiríocht oifige a sholáthar atá oiriúnach do na hathruithe san áit oibre mar thoradh ar phaindéim COVID-19.

Cuireadh tionscadal Pháirc Dhuga Ailbhe leis an chlár athnuachana le déanaí, agus leis an tionscadal sin cruthófar páirc 15 acra nua ag croílár muirí stairiúil an Iúir le haghaidh gníomhaíochtaí fóillíochta, aclaíochta agus súgartha.

Tá cás gnó á chur chun cinn ag an Chomhairle freisin mar chuid de Líonra Nuálaithe Réigiúnacha BRCD lena ndéantar iarracht spás nuála £1m+ a chruthú i Lár Chathair an Iúir. Leis an spás ardcháilíochta le cuidiú digiteach seo soláthrófar ardán le haghaidh oideachas agus scileanna a fhorbairt, agus an spás agus an trealamh á dtairiscint do phobail áitiúla agus do ghnólachtaí áitiúla chun leanúint le tionscadail nuála agus infheistíochtaí a aimsiú i nuáil, i gcumas digiteach agus i scileanna.



## Saoráid rianta agus súgartha nua ag Teach an Doire Mhóir

**Is teach de stíl teachín an 18ú haois é Teach an Doire Mhóir ar an Sruthán atá suite i ndiméin ghleoite.**

Le déanaí, d'oibrigh Comhairle Ceantair an Iúir, Mhúrn agus an Dúin i ndlúthchomhar le húinéirí an tí, National Trust, agus le Cairde Theach an Doire Mhóir, ar phleananna athnuachana d'fhonn an méid fóillíochta atá ar fáil sa diméin a fheabhsú. Cuireadh tús le hoibreacha i mBealtaine 2020 agus críochnaíodh iad i Eanáir 2021. Tá raon iomlán de raonta siúil ar fáil anois ar an láithreán ar fud na diméine, mar aon le limistéar súgartha do leanaí, léirmhíniú ar an láithreán, bóthar rochtana nua, saoráidí do chuairteoirí agus carrchlós.



# Beart Cathrach Réigiún Bhéal Feirste agus an infheistíocht bhunathraitheach dá chuid don cheantar

Is infheistíocht 10 mbliana é Beart Cathrach Réigiún Bhéal Feirste (BRCD), agus fis i gceist leis chun 20,000 post nua le pá níos fearr a chruthú agus an cnaipe 'chur ar aghaidh' á bhrú maidir le fás eacnamaíoch cuimsitheach.

Leis an infheistíocht sin cinnteofar gur féidir leis an Chomhairle tosaíochtaí straitéiseacha a chur ar aghaidh agus a chur i bhfeidhm, lena ndéanfar ár gceantar ina phríomhláthair infheistíochta agus ina phríomháit a mbíonn an-tóir ag turasóirí air, agus spreagadh á sholáthar do dheiseanna fostaíochta nua agus níos fearr do chách.

## Áirítear le príomhthionscadail:

- Tairseach Bheanna Boirche
- Athnuachan Lár Chathair an Lúir, agus páirc 15 acra ag Duga Ailbhe
- An Bóthar Faoisimh Deisceartach
- Cumais Nuála agus Dhigiteacha

Trí infheistíocht ón Bheart Cathrach i dtionscadail bhonneagair, athnuachana agus turasóireachta cuideofar le téarnamh eacnamaíoch an réigiúin freisin ó iarmhairtí COVID-19. Le linn 2020-21 chuir an Chomhairle Cásanna Gnó Imlíneacha cuimsitheacha chun cinn maidir le tionscadail Athnuachana Lár Chathair an Lúir agus Tairseach Bheanna Boirche araon, agus obair á déanamh aici le comhpháirtithe sa Bheart Cathrach chun clár réigiúnacha a chur chun cinn lena soláthrófar bonneagar digiteach agus nuála agus clár infhostaitheachta agus scileanna. Le pacáiste infheistíochta ón Bheart Cathrach tacófar le cumais dhigiteacha den chéad ghlúin eile, le turasóireacht, le bonneagar nua-aimseartha agus le hathnuachan agus le hinfeistíocht i scileanna trína nascfar daoine le poist.

## Cá mhéad atá á infheistiú laistigh den Bheart Cathrach?

San iomlán, aimsíodh £850m chun an infheistíocht a sheachadadh. I mBealtaine 2020 d'fhógair Feidhmeannas TÉ gealltanais infheistíochta £350m d'fhonn cómhaoiniú a chur leis an £350m a gheall rialtas RA. In éineacht le £150m breise ó chomhpháirtithe Bheart Cathrach Réigiún Bhéal Feirste, aimsíodh an méid iomlán de £850m.



Le haghaidh faisnéis bhreise a fháil maidir le comhpháirtithe den Bheart Cathrach féach [www.belfastcity.gov.uk/belfastregioncitydeal](http://www.belfastcity.gov.uk/belfastregioncitydeal)



**Belfast  
Region**

# Straitéis Athnuachana agus Forbartha Eacnamaíche Nua

Seoladh Straitéis Athnuachana agus Forbartha Eacnamaíche nua i Samhain 2020, a bhfuil a príomhchuid beartaithe chun tacú le gnólachtaí áitiúla agus infheistíocht agus poist a tharraingt chuig an cheantar.

Tá an straitéis fócasaithe ar thrí cholún príomhúla, is iad sin, forbairt gnó, athnuachan agus bonneagar, agus infhostaitheacht agus scileanna a fheabhsú. Mar ghné den imeacht seolta fhíorúil bhí díospóireacht phainéil mhealltach ann maidir le príomhthéamaí na straitéise, lena n-áirítear Fás Gnó agus Nuáil, Infhostaitheacht agus Scileanna a Fheabhsú agus Infheistíocht in Athnuachan agus i mBonneagar Nua-aimseartha.



Chun cóip den straitéis a íoslódáil, féacht [www.newrymournedown.org/corporate-publications](http://www.newrymournedown.org/corporate-publications)





# Leantar leis an ghealltanas dár dtáirge turasóireachta le hinfeistíocht shuntasach

**Le linn phaindéim COVID-19 ba spásanna luachmhara iad ár spásanna lasmuigh chun deiseanna a sholathar le haghaidh aclaíochta agus fóillíochta, agus chun am a chaitheamh leis an teaghlach agus le cairde.**

Soláthraíodh deis le cáilíocht ár bpáirceanna agus ár dtránna ar fud an cheantair do chónaitheoirí rochtain éasca a fháil ar spás lasmuigh. Agus líon na ndaoine a úsáideann na saoráidí sin ag dul i méid, tá an gá le hinfeistíocht leanúnach rithábachtach.

Bhí beartú tosaíochta á dhéanamh ag an Chomhairle maidir le hinfeistíocht dá leithéid agus tá pleananna á dtabhairt chun críche faoi láthair le haghaidh siúlóidí nua i bPáirc Chill Bhrónaí agus i Ros Treabhair, feabhsuithe taibhléiríthe agus mínitheacha lasmuigh le tacaíocht ó DAERA, saoráidí nua do chuairteoirí ag Trá Thigh Riala mar aon le feabhsuithe dearaidh ar Pháirc Thuaithe Delamont – roinnt de na príomhthionscadaíl atá á bpleanáil faoi láthair agus infheistíocht de thart ar £1.75m i gceist leo.

## Láithreán gréasáin turasóireachta nua

Is iad tírdhreacha, eispéiris iontacha, miotais agus finscéalta cheantar an Iúir, Mhúrn agus an Dúin mar aon leis an bhia agus deoch ar ardchaighdeán atá ar fáil ann roinnt de na fachtóirí lena gcuirtear an ceantar i suíomh foirfe chun beocht a chur i mbranda ‘Glac le Spiorad Ollmhór’ de chuid Thuaisceart Éireann.

Léirítear le taighde go bhfuil ár láithreán gréasáin ina chéad phointe teagmhála le haghaidh faisnéise faoinár gceann scríbe do go leor cuairteoirí dár gcuid. Agus an cuairteoir á choinneáil i gcuimhne, tá an Chomhairle ag obair le roinnt comhairlí eile i dTuaisceart Éireann chun láithreán gréasáin nua a chur ar fáil do gach ceann dár gcinn scríbe. Is é an aidhm chun líonta na gcuairteoirí a mhéadú agus tionchar eacnamaíoch a chinntiú ar fud réigiúin uile Thuaisceart Éireann. Agus ábhar mealltach, íomhánna iontacha agus físeáin á n-úsáid, spreagfar cuairteoirí leis an láithreán gréasáin nua chun eispéireas, gníomhaíocht nó saoire a chur in áirithint sa réigiún. Táthar ag súil go mbeidh an láithreán gréasáin i mbun oibre faoi Mhárta 2021.



## Tacaíocht dár dtionscal turasóireachta

**Bhí muid tiomanta do thionscal na turasóireachta a thacú, agus obair á déanamh le chéile chun ar mbealach a dhéanamh trí phaindéim COVID-19 reatha.**

Chun cuidiú le dul i ngleic le roinnt de na dúshláin, eagraíodh ceardlanna fíorúla agus seimineáir ghréasáin maidir le cumarsáid a dhéanamh le linn na géarchéime, ábhar digiteach a bhainistiú agus pleananna tráchtála a chruthú le linn na tréimhse seo gan fasach. Agus fócas 2020 ar shaoire sa bhaile tríd is tríd, d’eagraigh Tabhairt Cuairt ar Mhúrna feachtas margaíochta digiteach don samhradh/don fhómhar. Bhí an feachtas dírithe ar #EachtraíOllmhóraRomhainn agus an bhéim ar na heispéiris ar féidir le daoine páirt a ghlacadh iontu ar bhonn áitiúil.

Agus ár dtáirge turasóireachta á choinneáil chun tosaigh do cheannaitheoirí saoirí sa bhaile agus do cheannaitheoirí idirnáisiúnta, d’fhreastail muid ar imeachtaí fíorúla do cheannaitheoirí. Ba ardán sármhaith é ‘Buail leis an Cheannaitheoir’ de chuid Thurasóireacht Thuaisceart Éireann chun buaileadh ní amháin le ceannaitheoirí idirnáisiúnta ach le hoibrítheoirí a raibh fócas acu ar shaoirí baile sa réigiún, rud a bhí thar a bheith tábhachtach in 2020. Bhain sé freisin le hullmhúchán a dhéanamh don fhilleadh ar thaisteal idirnáisiúnta agus an deis don Chomhairle dul i gcomhpháirtíocht le soláthraithe turasóireachta agus an ceann scríbe agus a gcuid eispéireas a thaispeáint do cheannaitheoirí idirnáisiúnta.

Tá obair leanúnach ar siúl le comhpháirtithe sa tionscal, agus eispéiris na turasóireachta á bhforbairt do mhargadh na saoirí sa bhaile agus ullmhúchán á dhéanamh d’atosú an taistil idirnáisiúnta.



## An fhéidearthacht ag athnuachan i gcroílár stairiúil Dhún Pádraig chun bunathrú a dhéanamh

Tá Comhairle Ceantair an Iúir, Mhúrn agus an Dúin ag obair i gcomhpháirtíocht le Roinn na bPobal (DfC) chun tionscadal athnuachana spreagúil a fhorbairt ar Shráid na nGael, Dún Pádraig.

San áireamh leis an láithreán forbartha fairsing tá foirgneamh iar-stáisiún na bpóilíní, atá faoi úinéireacht an DfC, mar aon le carrchlós ina aice láimhe faoi úinéireacht na Comhairle lena n-áireofar stráice talún idir an dá láithreán. D'oibrigh an DfC agus an Chomhairle i ndlúthchomhar le chéile chun cruthú scéime forbartha níos mó a éascú lena gcuirfear scéim níos tarraingtí ar fáil d'fhorbróirí ionchasacha.

Cuireadh próiseas comhairliúcháin chun feidhme le linn an tsamhraidh in 2020, lena soláthraíodh an deis d'fhorbróirí agus don phobal áitiúil cur isteach sa phróiseas maidir le conas ba cheart an láithreán sin a fhorbairt. Táthar ag súil go mbeidh an poitéinseal ag forbairt an iar-stáisiún póilíní agus an charrchlóis in aice láimhe chun Sráid na nGael a bhunathrú ina háit bheoga, tharraingteach agus chomhtháite a mbeidh gach duine ina ann sult a bhaint aisti – agus go mbeidh sé ina chatalaíoch maidir le hathnuachan níos leithne lár an bhaile.

## Anam nua curtha inar sráidbhailte ag Oibreacha Feabhsaithe Timpeallachta

Rinneadh dul chun cinn suntasach maidir le hathnuachan seacht sráidbhaile i limistéar ár gceantair agus sraith oibreacha feabhsaithe timpeallachta curtha chun feidhme.

Áirítear leis na hoibreacha fairsinge ag na sráidbhailte - Áth na Long, Baile Uí Chornáin, Dún Droma, Baile Hill, Cill Ó Laoch, an Baile Úr, agus an Mhaigh – comhcheangal de na nithe a leanas: pábháil nua, soilse sráide nua, bearnaí geataí, ráillí, ceapa roschrann agus tírdhreachú, colbhaí crann thart ar chrainn atá ann, crainn nua a chur, sreanga lasnairde a bhaint agus cótaí daite ar bhóithre. Fuair na sráidbhailte maoiniú £3.2m ó Chomhpháirtíocht Forbartha Tuaithe Mhúrn, Shliabh gCuillinn agus Leath Cathail (MGL).

Tá maoiniú deontais ó Scéim Athnuachana Sráidbhailte de chuid Chlár Forbartha Tuaithe Thuaisceart Éireann 2014-2020, arna mhaoiniú ag an Roinn Talmhaíochta, Comhshaoil agus Gnóthaí Tuaithe agus ag an gCoimisiún Eorpach arna riar ag Grúpa Gníomhaíochta Áitiúla MGL, á sholáthar do na sráidbhailte tuaithe i gcomhar le Comhairle Ceantair an Iúir, Mhúrn agus an Dúin. Táthar ag súil go gcuirfear na hoibreacha uile i gcrích go luath in 2021, agus beidh gnólachtaí uile sna sráidbhailte ar oscailt mar is gnáth ar feadh amscálaí an tionscadail.

## Scéim Sráid-dreacha Nua do Shráid Hill agus do Phlás Sheáin Mhistéil i gCathair an Iúir

I mBealtaine 2020, cuireadh tús le scéim oibreacha sráid-dreacha i gcodanna stairiúla Chathair an Iúir agus iad dírithe ar cheann íochtarach Shráid Hill agus ar Phlás Sheáin Mhistéil a fheabhsú, mar aon leis na sráideanna in aice leo – Sráid Uí hAodhagáin, Sráid an Mhuilinn agus Páirc Cholmáin.

Cumasaíodh na hoibreacha mar gheall ar mhaoiniú £1.7m ó Roinn na bPobal agus ó Chomhairle Ceantair an Iúir, Mhúrn agus an Dúin. I gcomhpháirtíocht leis na sainchomhairleoirí dá cuid, bhí scéim chríochnaithe ardchaighdeáin réamh-mheasta ag an gComhairle. Áiríodh leis na feabhsuithe uasghráduithe ar chosáin agus ar shoilsiú, cáblaí lasnairde a chur faoi thalamh, feabhsuithe ar rochtain do choisithe, troscán sráide nua agus athdhromchlú bóithre. Leis an infheistíocht sin comhlánaíodh oibreacha réimse phoiblí roimhe seo chun an timpeallacht fhisiceach a fheabhsú i gceann amháin de na háiteanna is gnóthaí agus is bríomhaire de chuid an Iúir.





# Oidhreacht Chultúrtha ar fud an cheantair agus limistéar an Atlantaigh

*Tá seisiún oiliúna nua á n-óstáil ag an Chomhairle chun cuidiú le braislí turasóireachta a éascú mar chuid de thionscadal Dhreach-Chultúir an Atlantaigh.*

Táthar ag súil go bhfeicfear eispéiris nua um 'Oidhreacht Chultúrtha Dholáimhsithe' (ICH) in 2021 a bheidh dírithe ar an mhargadh turasóireachta intíre agus domhanda. Trí eispéiris ICH gabhtar traidisiúin a fhaightear le hoidhreacht ónár sinsir, amhail traidisiúin ó bhéal agus na taibhealaíona. Samhlaigh amhráin ár sinsear a chanadh, ag siúl i loirg filí agus oilithreach, agus ceardaíocht a dhéanamh agus scileanna a fuarthas le hoidhreacht síos na blianta á n-úsáid!

Tá an tionscadal maoinithe trí thionscadal Dhreach-Chultúr an Atlantaigh arna chómhaoiniú ag Clár Limistéar an Atlantaigh Interreg trí Chiste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa.



Le haghaidh níos mó a fháil amach féach an láithreán gréasáin,

[www.atlanticculturelandscape.eu](http://www.atlanticculturelandscape.eu)

Lean ar [www.facebook.com/ACultureScape](https://www.facebook.com/ACultureScape)

nó ar [www.twitter.com/ACultureScape](https://www.twitter.com/ACultureScape)



## Páirceanna súgartha nua i mBaile Hill agus i gCill Chléithe

**Cuireadh páirceanna súgartha nua i mBaile Hill agus i gCill Chléithe araon**

Dhámh Comhpháirtíocht Forbartha Tuaithe Mhúrn, Sliabh gCuillinn agus Leath Cathail maoiniú de £150,000 ó Scéim Athnuachana Sráidbhailte Chlár Forbartha Tuaithe Thuaisceart Éireann 2014-2020 de chuid na Roinne Talmhaíochta, Comhshaoil agus Gnóthaí Tuaithe don Chomhairle le haghaidh dhá pháirc súgartha a fhorbairt. Trí obair a dhéanamh leis na pobail áitiúla cuidíodh le dearadh na bpáirceanna súgartha, agus gnéithe ag baint leo ag a mbeadh tionchar dearfach ar deireadh thiar ar shláinte agus ar fholláine fhoriomlán na ndaoine.

Roimhe sin ní raibh saoráidí súgartha ar bith i gCill Chléithe agus d'oibrigh Cumann Cónaitheoirí Chill Chléithe le roinnt blianta chun talamh oiriúnach a aimsiú. Anois is cúis bróid dóibh an pháirc súgartha nua ar láithreán in aice le CLG Chill Chléithe, agus tá leanaí agus daoine óga de gach cumas ar fud an phobail níos leithne in ann anois leas a bhaint as raon de threalamh súgartha idirghníomhach agus dúshlánach. Chuiimsigh Páirc Shúgartha Chill Chléithe téama muirí sa pháirc ar aon dul lena láthair ar bhruach Loch Cuan. Áiríodh leis an dearadh freisin an méid ábhair nádúrtha agus a bhí indéanta le cur san áireamh leis an timpeallacht tuaithe.

Chuir pobal Bhaile Hill fáilte roimh athfhorbairt shuntasach na páirce súgartha dá chuid a bhí ann cheana féin, atá suite i bPáirc Speilgeach, i Márta 2020. Sa pháirc súgartha uile-chuimsitheach tá deiseanna súgartha ar fáil do gach cumas agus gnéithe spraoi agus mealltacha ann.



# Tionscadal bainistíochta bruscair mhuirí

**Chuir Údarás Cuain Iascaigh Thuaisceart Éireann tús le tionscadal bainistíochta bruscair mhuirí in 2020 tar éis faomhadh a fháil ó Ghrúpa Gníomhaíochta Áitiúla Iascaigh Limistéar an Oirdheiscirt.**

Ta an tionscadal dhá bhliain dírithe ar bhainistíocht dramhaíola a fheabhsú sna trí chuan iascaireachta, Ard Ghlais, Port an Bhogaigh agus Cill Chaoil. Áirítear le plean gníomhaíochta atá fócasaithe ar bhruscair mhuirí atgearraíocht agus athchúrsáil maidir le fearas iascaireachta ag deireadh

a shaolré agus an dóigh a bhreithniú a ndéanann cuanta iascaireachta dramhail a rialú agus a athchúrsáil.

Beidh fócas ar iarrachtaí glantacháin lena n-áireofar glanadh trána áitiúla a chomhordú agus naisc a dhéanamh le scéimeanna agus eagraíochtaí atá ann cheana. Sa bhreis air sin, déanfar an scéim 'Iascaireacht le haghaidh Bruscair' a chur chun cinn agus a mhonatóiriú leis an tionscadal agus cruthófar teachtaireachtaí simplí le cuidiú leo siúd a úsáideann na cuanta dea-chleachtas

maidir le bainistíocht dramhaíola a thuiscint.

Maoiníodh an tionscadal trí Thosaíocht 4 an Aontais de chuid an Chiste Mhuirí agus Iascaigh Eorpach, arna chómhaoiniú ag an Aontas Eorpach agus ag an Roinn Talmhaíochta, Comhshaoil agus Gnóthaí Tuaithe. Tacaítear leis freisin ag Eagraíocht Tháirgeoirí Éisc Thuaisceart Éireann agus ag Iasc Mara.

## Fís don todhchaí cruthaithe le hathchóiriú an tírdhreacha i Delamont

**Mar chuid dár máistirplean do Pháirc Thuaithe Delamont ba mhaith linn an tírdhreach nádúrtha stairiúil dá cuid a athchóiriú. Agus obair á déanamh le páirtithe leasmhara ábhartha, lena n-áirítear an feirmeoir tionónta agus Iontaobhas na gCoillte, is é an aidhm na príomhghnéithe nádúrtha a fheabhsú agus a athchóiriú.**

Bheadh sé indéanta sa todhchaí an talamh talmhaíochta ag Delamont a fhorbairt mar 'mhodhfheirm', lena ndéanfaí ní amháin na hacmhainní nádúrtha dá cuid atá ann cheana a chaomhnú ach lena ndéanfaí forbairt orthu siúd, agus tairbhí talmhaíochta agus comhshaoil iolracha á soláthar amhail bithéagsúlacht mhéadaithe, timpeallacht fheabhsaithe um riar ainmhithe agus athchóiriú agus caomhnú an tírdhreacha chultúrtha.



Tríd an chlár de chruthú agus d'athchóiriú fáilta sceach dúchasacha, a cuireadh chun feidhme i ngeimhreadh 2020/21, déanfar aeistéic theorainneacha na bpáirceanna a fheabhsú agus soláthrófar dídean agus scáth sármhaith do bheostoc agus feabhsófar an bhithéagsúlacht.

Le pleananna amach anseo chun limistéir faoi chrainn Delamont a bhainistiú, déanfar forbairt ar obair feabhsaithe coillearnaí sna blianta roimhe seo d'fhonn speicis neamhdhúchasacha a bhaint amhail labhras silíní agus róslabhras. Aithnítear speicis ionracha mar cheann de na bagairtí is mó ar bhithéagsúlacht dhomhanda. Dá bhrí sin tá sé ríthábhachtach go mbaintear iad d'fhonn an bhithéagsúlacht a mhéadú agus gnáthóga na gcoillte a fheabhsú ag Páirc Thuaithe Delamont.



Le níos mó a fháil amach faoin tionscadal seo féach [www.strangfordlough.org](http://www.strangfordlough.org)



## Páirc shúgartha ar a bhfuil rochtain do chách

Tá sult á bhaint ag pobal an Bhaile Úir as Páirc Shúgartha Jim Steen nua tar éis di a bheith oscailte go hoifigiúil roimh an phaindeim.

Tá timpeallán spraoi ionchuimsitheach ina phointe fócais ag lár na páirce súgartha agus luascáin agus aonaid iolracha le haghaidh súgartha mar aon le trealamh na gcéadfaí.

Ba mhaith leis an Chomhairle a buíochas a ghabháil leis an ghrúpa pobail áitiúil agus le cónaitheoirí as a gcúnamh go léir chun an pháirc seo a dhéanamh indéanta, i gcomhar leis na comhairleoirí, le Feidhmeannas Tithíochta Thuaisceart Éireann agus leis na conraitheoirí a d'oibrigh go crua chun ionad spóirt agus súgartha iontach a chur ar fáil don phobal iomlán i mBaile Úr.

Is ceann amháin de go leor tionscadal é Páirc Shúgartha an Bhaile Úir a forbraíodh ar fud an cheantair i mbliana, lena n-áirítear an Chlochóg, Ceathrú Mhic Giolla Chomhain, an Pháirc Chúil i gCaisleán Nua, Páirc Shúgartha Gairdíní Mhúrn i gCaisleán Uidhílin, Páirc Speilgeach i mBaile Hill, Cill Chléithe agus bunathruithe ar Ghairdíní an Chairn Bháin, an tLúr, Droim Ailí i mBéal Leice agus Lios na Lao i gCorr Leacht. Le haghaidh faisnéis níos mó a fháil ar láthair na 117 bpáirc súgartha uile ar fud an cheantair, chomh maith le faisnéis agus imeachtaí maidir le hionaid spóirt eile, níl le déanamh ach aip Bí Gníomhach IMD a íoslódáil agus 'Outdoor Leisure' a chur leis mar cheann de 'My Clubs' ar an nascleanúint ag an bharr ar dheis den aip.

## Súgradh inrochtana indéanta ag Meadowlands

Suiteáladh píosa threalamh súgartha ar a bhfuil rochtain iomlán d'úsáideoirí cathaoireacha rothaí i bPáirc Shúgartha Meadowlands i nDún Pádraig.

D'aimsigh an Chomhairle maoiniú don trealamh trí Roinn na bPobal agus chuathas i gcomhairle le hionadaithe an phobail áitiúil.

Tá trealamh súgartha inrochtana ina thairbhe do dhaoine óga faoi mhíchumas mar chuidíonn sé leo buaileadh le chéile agus cairdeas a dhéanamh. Is féidir cuidiú freisin le scileanna oll-luaileacha a fhorbairt agus cothromaíocht agus comhordú san áireamh mar aon le mion-scileanna luaileacha amhail greim a fháil.

## Páirc Bhardasach an Phointe ina Buaiteoir de Dhuais Oidhreachta


Tugadh aitheantas do Pháirc Bhardasach an Phointe mar Láithreán Oidhreachta na Brataí Glaise ó Keep Northern Ireland Beautiful.



Le scéim Dhuais na Brataí Glaise tugtar aitheantas agus cúiteamh do pháirceanna agus do spásanna glasa arna mbainistiú go maith ar fud na Ríochta Aontaithe agus ar fud an domhain.

Rinneadh Páirc Bhardasach an Phointe a athchóiriú in 2018 le cúnamh airgeadais ó Chiste Oidhreachta an Chrannchur Náisiúnta agus ón Chomhairle. Bronnadh stádas na Brataí Glaise ar an pháirc in 2019 agus bronnadh creidiúnú mar Láithreán Oidhreachta uirthi in 2020/2021, agus aitheantas á thabhairt dá timpeallacht nádúrtha stairiúil agus thógtha. Le níos mó ná 100 bliain bhí an pháirc ina cuid den phobal áitiúil sa Phointe. Rinneadh foirgneamh an phailliúin a athchóiriú freisin, a théann siar go dtí na 1930í, in éineacht le páirc shúgartha nua do pháistí agus limistéar cluichí ilúsáide.





## Cosain ár ndragain féin sna cnoic

Is tionscadal é Dragain sna Cnoic atá dírithe ar amfaibiaigh agus reptílí a chaomhnú agus pobail a nascadh lena n-oidhreacht nádúrtha.

Bunaithe i Limistéir Sáráilleachta Nádúrtha (AONBanna) Fháinne Cnoc Shliabh gCuillinn, Bheanna Boirche agus Loch Cuan agus Leath Cathail, is comhpháirtíocht é an tionscadal idir an Chomhairle, ARG (Grúpaí Anfaibiaich agus Reiptílí) RA agus Cumann Reiptíleolaíochta na hÉireann. Aimsíodh maoiniú ó Chiste Oidhreacht an Chranchnuir Náisiúnta agus ó Fhondúireacht Esmée Fairbairn.

Is é aidhm an tionscadail níos mó a fháil amach faoi dhragain bheaga Thuaisceart Éireann í féin – na trí amfaibiaich agus reptílí dár gcuid: an frog coiteann, an laghairt choiteann agus an t-earc coiteann. Tá fonn ar bhaill buaileadh le húinéirí talún eile sna AONBanna a mbeadh spéis acu sa bhithéagsúlacht dhúchasach a thacú.



Chun páirt a ghlacadh sa tionscadal, déan teagmháil le Josh Twining ag [josh.twining@arguk.org](mailto:josh.twining@arguk.org)

## An féidir leat an grianghraf is fearr a thógáil le haghaidh 2022?

Sheol Limistéir Sáráilleachta Nádúrtha (AONBanna) Fháinne Cnoc Shliabh gCuillinn, Bheanna Boirche agus Loch Cuan agus Leath Cathail an comórtas grianghrafadóireachta bliantúil comhpháirteach dá gcuid.

Is é an téama don chomórtas i mbliana 'An Dúlra sa AONB de mo chuid' agus beidh an comórtas ar oscailt go dtí an 30 Meán Fómhair 2021. Is é £100 an duais don ghrianghraf buaiteach foriomlán agus beidh duaiseanna tánaisteacha ar fáil freisin. Cuirfear na hiontrálacha buaiteacha chun cinn ar líne, ar na meáin shóisialta agus tríd an phreas áitiúil. Beidh na 13 iontráil is fearr in eagrán 2022 Fhéilire de chuid na AONBanna.



Le haghaidh faisnéis bhreise féach [www.ringofgullion.org/competitions](http://www.ringofgullion.org/competitions)

## Buaiteoir 'Crann na Bliana' 'Homer Aosta' sábháilte!

Sábháladh an Dair Thoilm Shíorghlas iontach a sheasann laistigh de príomhbhealach isteach Ghleann na Síog go Páirc Chill Bhrónaí i Ros Treabhair de bharr oibriúcháin caomhnaithe uathúil de chuid na Comhairle.



Chuir muintir Ross an crann timpeall ar 200 bliain ó shin ar a heastát príobháideach, mar a bhí ann ag an am sin, agus bhuaigh sé an comórtas uile-RA 'Crann na Bliana' i Nollaig 2016.

Is crann ar leith an dair iontach, agus giorta de bheagnach 12 throigh (3.6m) aici mar aon le coirt de chraiceann nathrach tipiciúil, mar gheall ar an uillinn 45 chéim ar a bhfuil sí cromtha agus é éasca do pháistí chun í a dhreapadh.

Ach d'éirigh ceann de na craobhacha ollmhóra thar a bheith trom leis an aois agus bhí cúnamh de dhíth air. Bhí scoilteanna móra agus scáintí le feiceáil sa chrann ag bun a stoic mar gheall ar an ualach róthrom a bhí le hiompar aige thar na blianta.

Le linn an tsamhraidh rinneadh prúnáil laghdaithe speisialta ar an chrann mar chuid de thionscadal caomhnaithe thosaigh, agus gan bheart práinneach gheobhadh an crann bás. Rinneadh an choróin a laghdú d'fhonn croitheadh na gcaobhacha a laghdú agus cobhsaíocht struchtúrach a fheabhsú faoi 150%. Dearadh frámaí speisialta ag an Chomhairle agus suiteáladh iad le linn mhí na Nollag. Déanfar obair bhreise ar an talamh, amhail fálú agus scáileáin, chun an tionscadal caomhnaithe a chur i gcrích ina iomláine.



# Ár spásanna lasmuigh a fheabhsú

**Leanadh le cur bláthanna fiáine, le feabhsú féarthalaimh agus le scéimeanna feabhsaithe thírdhreacha na mbóithre le linn na bliana seo a chuaigh thart.**

Bhí tionscadal mór ar fud an cheantair dírithe ar na naisc atá infheicthe níos mó idir folláine chónaitheoirí an cheantair, rudaí beo eile agus éiceachórais iomlána. Áiríodh leis an tionscadal crainn a chur, timpealláin a thírdhreachú agus ceapacha a athnuachan i limistéir eile d'fhonn comhtháthú breise leis an dúlra a chur chun cinn.

**Táirgfear na nithe a leanas trí fheabhsuithe bláthanna fiáine agus féarthalaimh bhithéagsúil:**

- cáilíocht an aeir fheabhsaithe
- tairseach turasóireachta
- gabhail carbóin
- scáiliú amhairc

- carachtar áitiúil feabhsaithe
- cosaint i gcoinne torainn agus truailliú aeir
- conairí do phailneoirí
- bithéagsúlacht fheabhsaithe.

Tá dúshlán á chur roimh an chuma simplí, glan de chiumhais féir agus de spásanna glasa atá néata agus in ord mar fhaichí príochta bearrtha, go háirithe maidir le ciumhais féir faoin tuath agus ar mhórbhealaí uirbeacha. Trí chiumhais féir atá saibhir i speicis déantar carachtar áitiúil agus cuma an bhóthair a fheabhsú don úsáideoir agus bíonn siad ina gcuidiú lena chumasc leis an tírdhreach níos leithne.

Leis na hoibreacha feabhsófar an comhshaoil agus an bhithéagsúlacht, beidh siad báúil do phailneoirí agus laghdófar ídiú breoslaí nach bhfuil in-athnuaite nuair is féidir.



## An-tóir ar ghairdín éiceolaíoch le téama muirí ag páistí in Ard Ghlais

Is ceann de go leor tionscnamh rathúil é Grúpa Tuismitheoirí Bhunscoil Niocláis in Ard Ghlais a fuair maoiniú ó Ghrúpa Gníomhaíochta Áitiúla Iascaigh Limistéar an Oirdheisirt (SEA FLAG), clár arna thacú ag Roinn na Talmhaíochta, Comhshaoil agus Gnóthaí Tuaithe agus ón Aontas Eorpach.

Bhí áthas mór ar SEA FLAG bunathrú an spáis a fheiceáil nach raibh á úsáid roimhe sin go limistéar súgartha oideachasúil le téama muirí agus go gairdín éiceolaíoch. Dearadh an limistéar chun foghlaim na bpáistí a bhreisiú trí shúgradh agus fócas ar an oidhreacht chultúrtha agus mhuirí dá gcuid agus chun feasacht a ardú ar an tionscal iascaireachta áitiúil i sráidbhaile Ard Ghlais agus sna ceantair máguaird.





# Clár SHÍOCHÁIN IV na Comhairle chun tosaigh maidir le rannpháirteachas an phobail ar líne



Dámhadh maoiniú AE dar luach £4.7m do Chomhairle Ceantair an Lúir, Mhúrn agus an Dúin chun Plean Gníomhaíochta Áitiúla SÍOCHÁIN IV – Níos Mó ná Caoifhulaingt – a sheachadadh. Mar phríomhchomhpháirtí, tá muid freagrach as na gnéithe sin de Phlean Gníomhaíochta SÍOCHÁIN IV a sheachadadh lena gcuirfear síocháin agus athmhuintearas chun cinn i dtrí príomhréimse:

- **Páistí agus Daoine Óga**
- **Spásanna agus Seirbhísí Comhroinnte**
- **Caidrimh Dhearfacha a Fhorbairt**

Ba dhúshlán iad srianta COVID-19 maidir le cruinnithe agus daoine a tharraingt le chéile ó ar fud an phobail ó mhí an Mhárta 2020. D'fhreagair Clár SÍOCHÁIN IV na Comhairle air sin trí bheith chun tosaigh maidir le tionscadail ar líne a sheachadadh ar fud raon éagsúil de thionscadail, agus ag cinntiú go leantar le rannpháirteachas trasphobail ar fud an cheantair ar dhóigh bhríoch. Is é an aidhm bealach sóisialta agus oideachasúil atá fáilteach, taitneamhach agus fiúntach a sholáthar don phobal sa tréimhse dhúshlánach seo.

## Caidrimh Dhearfacha a Fhorbairt

Ba iad dhá cheann de na tionscadail ar líne sin faoi Chaidrimh Dhearfacha a Fhorbairt an Clár um Mná agus Ceannasaíocht Chathartha agus Caidrimh a Fhás, sraith de chlár teilifíse ar líne lena ndearnadh rath tionscadail athbheochana SÍOCHÁIN IV ar fud limistéar iomlán na Comhairle a dhoiciméadú.

Ba chlár ceannasaíochta cathartha creidiúnaithe de chuid Líonra na hOllscoile Oscailte é an Clár um Mhná agus Ceannasaíocht Chathartha lena ndearnadh próifil ghuthanna na mban a ardú ar fud an cheantair agus an t-eolas agus na scileanna á dtabhairt do mhná chun iad a chumasú ról gníomhach a ghlacadh sa saol cathartha, pobail agus polaitiúil.

Leis na clár teilifíse ar líne Caidrimh a Fhás cuirtear tionscadail thrasphobail SÍOCHÁIN IV i láthair agus féachann siad taobh thiar den chúlra ag roinnt de na gnáthdhaoine, mar a thugtar orthu, i bpobail bheaga ar fud an cheantair a fhorbraíonn caidrimh agus a bhriseann síos na bacainní ar dhóigheanna spéisiúla agus croíúla. Rinneadh an chéad cheann díobh sin, 'Scéalta na Teorann', a chraoladh i nDeireadh Fómhair 2020 agus is féidir féachaint air trí chainéal YouTube 'Music of What Happens TV'. Íoc síntiús leis an chainéal sin chun an tsraith teilifíse ar líne Caidrimh a Fhás a fheiceáil thar na míonna le teacht.

## Páistí agus Daoine Óga

Is clár cruthaitheach é an Clár Ealaíon Trasteorann lena dtugtar an deis do dhaoine óga scileanna a ghnóthú i léiriúchán, i gceol agus sna meáin. Agus iad ag obair ar fud limistéar cheantar an Lúir, Mhúrn agus an Dúin agus Chontae Lú, úsáideann na rannpháirtithe ealaíon chun difríochtaí cultúrtha a phlé agus a thuiscint agus chun comhtháthú trasphobail a mhéadú. Is í an aidhm an deis a thabhairt do dhaoine óga buaileadh le chéile, páirt a ghlacadh i gceardlanna ealaíne agus chun buaileadh le gairmithe cruthaitheacha. Tar éis don seisiún grúpa tosaigh a bheith ar siúl i Márta 2020, leanadh leis an chlár go fíorúil mar gheall ar shrianta COVID-19.

## Fáilte a chur roimh dhaoine nuathagtha agus aitheantas a thabhairt do rannchuidiú imirceach

Chuaigh an Chomhairle leis an Líonra Cathracha lonchuisitheacha, tionscnamh malartaithe eolais lena dtacaítear le cathracha agus lena gcomhpháirtithe áitiúla an fháilte is fearr a chur roimh dhaoine nuathagtha.

Is é an aidhm insint láidir, ionchuisitheach a fhorbairt maidir le himircigh sa cheantar, agus an rannchuidiú atá déanta ag imircigh agus a dhéanann imircigh á léiriú. I measc na gcathracha rannpháirteacha tá Cathair an Lúir, Béal Feirste, Briostó, Newport, Londain, Birmingham, Glaschú, Learpholl, Sheffield agus Caerdydd.





## Aimsíonn fir óga a nguth

Bhí fir óga i gceantar an Iúir, Mhúrn agus an Dúin ag scrúdú na castachta a bhaineann le bheith ag fás suas mar fhir i saol an lae inniu.

Agus obair ghrúpa agus gníomhaíochtaí bunaithe ar dhíospóireachtaí á n-úsáid acu, phléigh siad na teachtaireachtaí a bhíonn diúltach go minic maidir le conas a bhíonn siad ag maireachtáil, mar aon le scileanna a ghnóthú chun foréigean a sheachaint agus folláine mheabhach dhearfach a fhorbairt. Roimh thabhairt isteach shrianta COVID-19, tionóladh seisiúin ghrúpa go pearsanta agus bhí an deis ag na daoine óga páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí lasmuigh amhail slatiascaireacht. Leanadh le soláthar an chláir ina dhiaidh sin ar líne.



## Beart a dhéanamh maidir leis an Ghéarchéim Aeráide

D'fhógair Comhairle Ceantair an Iúir, Mhúrn agus an Dúin Géarchéim Aeráide an 7 Deireadh Fómhair 2019.

Éilítear orainn bearta suntasacha a ghlacadh chun ár dtionchar ar an gcomhshaol agus ar an athrú aeráide a laghdú, agus éilítear ar gach roinn an dóigh a gcuireann siad a gcuid gníomhaíochtaí agus seirbhísí chun feidhme a chur in oiriúint leis an aidhm sin.

I Márta 2020 rinne an Chomhairle comhdháil mhór a thionól ag Caisleán Chill Shléibhe dar teideal 'Athrú Aeráide – An Dúshlán atá Romhainn'. Agus aoichainteoirí ó ar fud an RA, na hÉireann agus na hEorpa i láthair, tugadh an bhagairt fhíor chun suntais sa chomhdháil a bhaineann le hathrú aeráide mar aon le cás-staidéir lenar taispeánadh na bearta dearfacha ar féidir le comhairlí agus le pobail iad a ghlacadh chun a dtionchar a laghdú. Áirítear leo sin fuinneamh gréine, feithiclí ísealcharbóin agus luchtú feithiclí leictreacha a úsáid, scéimeanna fuinnimh pobail, an geilleagar ciorclach agus stíleanna maireachtála sráidbhailte éiceolaíocha.

Bhunaigh an Chomhairle grúpa oibre maidir le hoiriúnú don athrú aeráide arna thacú ag Aeráid TÉ. Dréachtófar Plean Gníomhaíochta maidir leis an méid a theastaíonn chun dul in oiriúint le tionchar athrú na haeráide de réir mar a leanann muid chun ár seirbhísí agus ár ngníomhaíochtaí a sheachadadh ar fud an cheantair.

**i** Le haghaidh faisnéis bhreise a fháil seol ríomhphost chuig [besustainable@nmandd.org](mailto:besustainable@nmandd.org)

## Turas Staire Comhroinnte ar Bhaile Átha Cliath

Mar chuid den Chlár Oideachais um Scoileanna Comhroinnte, d'eagraigh Toghcheantair an Iúir agus Shliabh gCuillinn turas ar Bhaile Átha Cliath ar an téama dea-chaidrimh i Feabhra 2020 agus 30 scoláire meánscoileanna ón dá cheantar ag glacadh páirte. Mar chuid d'fhócas dea-chaidrimh an chláir, d'fhreastail na scoláirí ar cheardlanna agus ansin bhí an deis acu páirt a ghlacadh i dturas stairiúil ar Bhaile Átha Cliath, áit ar thug siad cuairt ar Chaisleán Bhaile Átha Cliath, ar Phríosún Chill Mhaighneann, ar Reilig Ghlas Naíon agus ar Dhún Uí Choileáin. Ba é an staraí polaitiúil agus craoltóir, an Dr. Eamon Phoenix, a d'éascaigh an turas. Sa Chlár Oideachais um Scoileanna Comhroinnte tugtar níos mó ná 120 scoláire ón Iúir agus ó cheantar Shliabh gCuillinn le chéile gach bliain chun saincheisteanna na seicteachais, an chiníochais agus rannpháirteachais leis na póilíní a scrúdú agus a cheistiú.

## Ionchuimsiú Sóisialta

Is é misean Fhóram Idirchultúrtha an Iúir, Mhúrn agus an Dúin obair a dhéanamh le chéile i dtreo pobal ionchuimsitheach agus deiseanna á gcruthú trína nglactar le héagsúlacht. Ghlac an fóram go rathúil le hoibriú ar líne, agus eagraíochtaí reachtúla agus deonacha á dtabhairt le chéile chun tacú le pobail na mionlach eitneach dár gcuid.





## Buíochas leat as leanúint le Laghdú, le hAthúsáid agus le hAthchúrsáil le linn na dianghlasála

**Gabhann an Chomhairle ‘buíochas’ an-mhór do chónaitheoirí cheantar an Iúir, Mhúrn agus an Dúin as leanúint le hathchúrsáil a dhéanamh ar feadh na paindéime.**

Anuraidh, taispeánadh le figiúirí arna n-eisiúint ag Athchúrsáil Anois go bhfuil daoine anois fiú níos feasaí maidir leis an chomhshaol, agus deir beagnach 9 mbaile as 10 go ndéanann siad ‘athchúrsáil rialta’. Dúradh i dtaighde go bhfuil 73% de dhaoine sásta a stíleanna maireachtála a athrú d’fhonn cuidiú leis an chomhshaol – méadú ar 68% in 2019. Deir líon iontach de 93% de bhailte go gcreideann siad go bhfuil ‘gach duine freagrach as cuidiú leis an chomhshaol a ghladh’.

Lean sealbhóirí tí sa cheantar lena ráta athchúrsála a mhéadú in 2019/2020, agus ráta foriomlán na hathchúrsála á mhéadú faoi 2.3% i gcomparáid leis an bhliain roimhe. Méadaíodh an dramhail a bhailítear le haghaidh múirín faoi 6.5%. Is torthaí dearfacha iad sin; ach méadaíodh an dramhail iomlán arna giniúint sa cheantar, áfach, faoi beagnach 2,500 tona nó faoi 3%.

Tá barraíocht dramhaíola á giniúint againn go fóill, agus táirgeann an gnáth-theach 1.16 tona de dhramhaíl anois gach bliain. De réir mar a bhogann muid trí COVID-19 dhéanfaimis cónaitheoirí a ghríosú chun leanúint lena n-iarrachtaí athchúrsála trí Laghdú, trí Athúsáid agus trí Athchúrsáil d’fhonn méid na dramhaíola a laghdú a dhéanann gach baile a dhiúscairt gach bliain.

Agus an chuid is mó dinn ag fanacht sa bhaile anois mar gheall ar shrianta COVID-19, téann sé sin i gcion ar leibhéal na dramhaíola a dhéantar a dhiúscairt de ghnáth trí bhailiúcháin gabhdán cónaitheach. Ní mór dúinn leanúint leis an chomhairle a ghlacadh maidir le dramhaíl agus athchúrsáil d’fhonn cuidiú lenár gceantar a choimeád glan, sábháilte agus cosanta.

Bhí bailitheoirí athchúrsála agus dramhaíola HRC (Ionaid Athchúrsála Dramhaíl Tí) na Comhairle ar an líne tosaigh ó thús phaindéim COVID-19. Ainmníodh iad mar phríomhoibrithe agus teastaíonn tacaíocht agus comhoibriú uathu chun leanúint lena jabanna a dhéanamh go sábháilte.

**Is féidir leat cuidiú trí na nithe a leanas a dhéanamh:**

- Déan seiceáil ar láithreán gréasáin na Comhairle, ar na meáin shóisialta agus sa phreas áitiúil go rialta le haghaidh na faisnéise is déanaí maidir le seirbhísí athchúrsála agus dramhaíola.
- Íoslaghdaigh méid na dramhaíola, na n-ábhar athchúrsála agus na dramhaíola bia a tháirgeann tú.
- Déan do chuid ábhar athchúrsála a bhrú síos, amhail boscaí cairtchláir, cartáin agus buidéal phlaisteacha, chun spás a shábháil i do ghabhdán athchúrsála.
- Ná dóigh dramhail sa bhaile. Cruthaíonn sé sin truailliú aeir.
- Seachain glantacháin mhóra a dhéanamh agus tú sa bhaile lena gcruthaítear ábhar athchúrsála níos mó agus níos mó dramhaíola do na bailitheoirí.
- Ní cheadaítear dumpáil mhídhleathach de réir an dlí agus bíonn tionchar aici ar shláinte phoiblí agus ar an chomhshaol. Is cion coiriúil é chun dramhaíl a dhumpáil go mídhleathach.

**i** Déanfar an-difriocht le gach cuid a laghdáimid do sheirbhís mhaith a choimeád do chách. Aimsigh leideanna le haghaidh dramhaíl bhia a laghdú ag [www.lovefoodhatewaste.com](http://www.lovefoodhatewaste.com) mar aon le faisnéis maidir le múiríní sa bhaile ag [www.recyclenow.com/reduce-waste/composting](http://www.recyclenow.com/reduce-waste/composting)

**Coinnigh cuimhne, ba cheart na nithe a leanas a dhéanamh agus gabhdáin á gcur amach:**

- Cuir na gabhdáin amach an tráthnóna roimh an bhailiúchán.
- Glan hanlaí na ngabhdán le díghalrán roimh an bhailiúchán agus ina dhiaidh.
- Cuir ceirtíní, éadaí, lámhainní, srl a úsáidtear le haghaidh glanta sa dramhaíl ghinearálta.

**i** Le haghaidh faisnéis a fháil maidir le hathchúrsáil i do cheantar féin, féach [www.newrymournedown.org](http://www.newrymournedown.org)

**Newry, Mournie and Down recycles**

## Ionaid Athchúrsála Dramhaíl Tí

Tá gach ceann de na 10 nIonaid Athchúrsála Dramhaíl Tí (HRC) ag oibriú anois ar bhonn srianta ar fud an cheantair. Le linn na paindéime reatha beidh athruithe tugtha faoi deara ag úsáideoirí ar an dóigh a n-oibríonn muid. D’oibrigh muid chun a chinntiú go gcloíonn ár láithreáin leis an treoir is déanaí ón rialtas maidir le COVID-19 agus chuir muid bearta scartha shóisialta i bhfeidhm mar aon le teorainneacha luais ar bhóithre agus srianta ar thrácht, rinne muid stáisiúin díghalraithe lámh a shuiteáil, agus chinntigh muid go ndéantar gach láithreán a dhíghalrú

agus a ghladh gach lá d’fhonn an fhoireann agus úsáideoirí a chosaint.

Teastaíonn do chúnaimh uainn chun a chinntiú go bhfanann ár láithreáin oscailte agus gur féidir lenár n-úsáideoirí uile iad a úsáid go sábháilte. Coimeád foireann ár láithreáin sábháilte agus ná tar chuig ár láithreáin má tá siomptóim COVID-19 ar bith agat. Coinnigh cuimhne chun do lámha a ní/a dhíghalrú sula dtagann tú isteach chuig ár láithreáin nó sula n-imíonn tú ónár láithreáin agus cloígh le scaradh shóisialta ag ár láithreáin agus comhlíon na treoracha

ón fhoireann. Coinnigh cuimhne go bhfuil dumpáil mhídhleathach neamhdhleathach agus bíonn tionchar aici ar shláinte phoiblí agus ar an chomhshaol. Is cion coiriúil é chun dramhaíl a dhumpáil go mídhleathach

**i** Le haghaidh liosta d’ábhair inghlactha le haghaidh diúscairta ag ár láithreáin IADT a fháil mar aon leis na huaireanta oscailte srianta dá gcuid, féach [www.newrymournedown.org/hrc](http://www.newrymournedown.org/hrc)



# DUAISEANNA AITHEANTAIS BLIANTÚLA AN CHATHAOIRLIGH

**2020** David Meade ina chomh-óstach ar Dhuaiseanna  
Aitheantais Bliantúla an Chathaoirligh



Bronnadh onóir ar thríocha duine aonair agus eagraíocht ó ar fud cheantar an Iúir, Mhúrn agus an Dúin i mBealtaine ag Duaiseanna Aitheantais Bliantúla an Chathaoirligh. Agus é i bhformáid fhíorúil nua, ba é Cathaoirleach na Comhairle mar a bhí ann ag an am sin, an Comhairleoir Charlie Casey, agus an t-intinneoir clúiteach David Meade, a chuir an searmanas i láthair. Le linn an tráthnóna shiamsúil sin, díríodh aird ar roinnt ambasadóirí suntasacha do cheantar an Iúir, Mhúrn agus an Dúin a chuidigh nó a thacaigh de daoine ar fud an cheantair. I mbliana bhí sé chatagóir éagsúla de dhuaiseanna ann – Pobal/Deonach, Spóirt, Ealaíona, Dianiaracht Dhaonna, Tiomsú Airgid agus Gradam Saoil.

## An séasúr féiltiúil ceiliúrtha le Ceolchoirmeacha Ar Líne na Nollag

Agus cuid mhaith de cheiliúradh traidisiúnta na Nollag curtha i leataobh le haghaidh 2020, ba é aidhm na Comhairle 'Solais agus Dóchas' de chineál éigin a chruthú ar fud an cheantair agus rinneadh dhá cheolchoirm a shruthú ar líne.

Rinne an veidhleadóir idirnáisiúnta Joanne Quigley McParland na ceolchoirmeacha a choimeád agus d'óstáil craoltóir raidió John Toal iad, agus rinneadh iad a scannánú in Ardeaglais an Dúin, i Halla Bhaile an Phointe agus i gCaisleán Chill Shléibhe agus tallann idirnáisiúnta rannpháirteach iontu.

## Bronnann Cathaoirleach na Comhairle ar bhainc bhia áitiúla agus ar charthanachtaí an Nollaig seo

*Thug ár gCathaoirleach aitheantas don obair rithábhachtach a dhéanann bainc bhia ar fud an cheantair ag an Nollaig.*

Bhronn an Comhairleoir Laura Devlin, a rinne obair dheonach ag ceann de na bainc bhia chun an obair a dhéanann siad a fheiceáil di féin, £500 do sheacht mbanc bia ar fud an cheantair agus do dhá charthanacht áitiúla freisin. Thug an Comhairleoir Devlin an dóigh faoi deara a gcruthaigh COVID-19 fíorchrúatan do go leor teaghlach agus do dhaoine aonair ar a raibh imní faoi inacmhainneacht na mbunrudaí amhail teas, solas agus bia. Mhol sí flaithiúlacht agus spiorad báúil oibrithe deonacha na mbanc bia agus oibrithe carthanachta eile freisin.

### Seo a leanas na bainc bhia agus na carthanachtaí a fuair bronntanais:

- Banc Bia Bhaile na hInse
- Cloch Chúinne Chill Chaoil – Áth na Long/Baile Mháirtín/Cill Chaoil
- Banc Bia an Fhuaráin – Dún Pádraig agus na ceantair máguaird
- Home-Start – An Dún
- Banc Bia na Cille Móire agus na Croise Giorra
- Ciste Carthanais na Nollag de chuid an Iúir
- Daoine i gCruatan – An Sruthán/Camloch/An tIúr/An Pointe
- An Lardrús – An tIúr/ Ard Mhacha Theas/An Pointe
- Banc Bia na Pantraí – Áth na Long/ Caisleán Uidhilín/Dún Droma/An Caisleán Nua





## Deir fiontraí 'glacaim leis!' maidir le fiontar gnó nua

**Tá Ann Pinkerton, úinéir 'Runaway Irish Weddings' ag cuidiú le lánúineacha 'Glacaim leat' a rá tar éis di gnólacht uathúil le haghaidh ionaid póstaí a sheoladh le tacaíocht ón Chlár 'Go For It' i gcomhar leis an Chomhairle.**

Nuair a bhog Ann chuig Tuaisceart Éireann d'aithin sí nach raibh aon ionaid do phóstaí beaga nó le haghaidh éalaithe ann agus bhí a fhios aici go raibh bearna sa mhargadh aitheanta aici. Ansin, tháinig sí ar 'The Rocks', láthair chluthar taobh amuigh den Chrois Ghearr agus gar do bhruach Loch Cuan. Bhí a fhios ag Ann go mbeadh an áit draíochtúil sin ina láthair fhoirfe le haghaidh póstaí beaga, rómánsúla agus chruthaigh sí gnólacht ón smaoinemh dá cuid tar éis di páirt a ghlacadh sa Chlár 'Go For It'. Soláthraíonn foireann de mheantóirí gnó ag a bhfuil seantaithí an clár saor in aisce.

Is Ceiliúraí Daonnachach í Anne agus dúirt sí: "Cé go ndearna mé gnólacht cosúil a rith roimhe sin, ní raibh an saineolas agus an tuiscint dhomhain agam ar an mhargadh i dTuaisceart Éireann. Chonaic mé postáil ar mheáin shóisialta maidir leis an Chlár 'Go For It' agus rinne mé teagmháil leo. Cuireadh i dteagmháil mé le comhairleoir gnó ag Ionad Gnó an Dúin agus chuaigh gach rud ar aghaidh uaidh sin. Sholáthair mo chomhairleoir gnó, Joan, tacaíocht ghnó a bhí saincheaptha dom mar aon le léargais nach mbeadh rochtain agam orthu liom féin. Mhóthaigh mé go raibh an tacaíocht iomlán agam agus bhí sé thar a bheith úsáideach an bonn braite chomh maith sin a bheith agam i luathchéimeanna an ghnólachta. Bhí an plean gnó ina chuidiú liom chun an spriocluacht sainréimse de mo chuid a thuiscint agus na modhanna cumarsáide is fearr le húsáid chun teagmháil a dhéanamh leo."

**i** Má tá smaoinemh gnó agat ar mian leat é a fhorbairt nó má tá tú ag smaoinemh faoi gnólacht a thosú, déan teagmháil leis an Chlár 'Go For It' ar 0800 027 0639 nó féach [www.goforitni.com](http://www.goforitni.com)

## Molann Réalta 'The Apprentice' Clár Fáis Ghnó IMD

**Mhol bean gnó áitiúil agus réalta chlár BBC 'The Apprentice', Gráinne McCoy, an tacaíocht a fuair sí as Clár Fáis Ghnó IMD de chuid na Comhairle.**

D'ainneoin neart na taithí ghnó idirnáisiúnta atá aici, d'aithin Gráinne an tábhacht a bhaineann le céim siar a ghlacadh, a cuid pleananna a athbhreithniú agus cúnamh a iarraidh go simplí agus an gnó i gceist. Chláraigh sí leis an chlár agus soláthraíodh meantóir tiomnaithe di agus cuidíodh le Gráinne tús a chur lena fiontar gnó nua. I Meán Fómhair 2020 d'oscail sí a siopa nua, 'Give Us Beauty', ar Shráid Mhuineacháin san Iúr.

Dúirt Gráinne: "Le tacaíocht an chlár, d'fhorbair mé plean láidir agus siopa nua, rathúil ar líne, lenar ligeadh dom mo gnólacht a chur chun cinn chuig an chéad chéim eile. Níorbh fhéidir liom sin a dhéanamh gan tacaíocht ón mheantóir de mo chuid agus anois tá mé anseo, i mo sheasamh i mo shiopa féin, agus pleananna uailmhianacha agam don bhliain le teacht freisin."

Tá Clár Fáis Ghnó IMD cómhaoinithe ag Infheistíocht Thuaisceart Éireann agus ag Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa faoi chlár Infheistíocht le haghaidh Fáis agus Post Thuaisceart Éireann (2014-2020). Is é atá i gceist le Clár Fáis Ghnó agus Tairiscint le haghaidh Fáis IMD ná meantóireacht shaincheaptha duine le duine agus ceardlanna sprioctha ar líne. Tá tacaíocht ar fáil do gnólacht beag ar bith atá suite sa cheantar ag a bhfuil líon níos lú ná 50 fostaí, agus tá clárú saor in aisce.

**i** Is féidir le gnólachtaí clárú le haghaidh tacaíocht ghnó tríd an chlár trí fhéachaint ar an láithreán gréasáin: [nmdbusiness.org/growing-your-business](http://nmdbusiness.org/growing-your-business)





# Scileanna nua agus oidhreacht mhuirí á dteagasc i gceardlanna iascaireachta

Bhí ár bpobail iascaireachta in ann páirt a ghlacadh i gceardlanna nua um fhearas iascaireachta in 2020.



Rinneadh an tionscnamh nua sin a sheachadadh ar fud na dtrí phobal iascaireachta uile, Ard Ghlais, Cill Chaoil agus Port an Bhogaigh. Tríd an tionscadal, cuireadh an deis ar fáil do na pobail áitiúla agus d'iascairí nua agus reatha chun scileanna nua a ghnóthú maidir le tráil a fheabhsú, a choimeád agus a dheisiú.

Le fada, bhí cuid mhaith den sochaí neamheolach ar an ghairm déanta eangach, d'ainneoin na fírice go bhfuil sí ina gníomhaíocht choimhdeach bhunúsach den iascaireacht. Níl aon chúrsa foirmiúil ann don ghairm sin, agus dá bhrí sin is mór ag déantóirí eangach an t-eolas ceardaíochta atá acu a cuireadh ar aghaidh ó ghlúin go glúin.

D'fhoghlaim na daoine a bhí i láthair faoina n-oidhreacht mhuirí agus ghlac siad páirt i bhfoghlaim chomhroinnte. Cuireadh idirghníomhú chun cinn leis an imeacht agus spreagadh ionchuisiú sóisialta laistigh de na pobail iascaireachta.

Bhí an-áthas ar Ghrúpa Gníomhaíochta Áitiúla Iascaigh Limistéar an Oirdheiscirt (SEA FLAG) an t-iaratas ar mhaoiniú a fhaomhadh, arna thacú ag Roinn na Talmhaíochta, Comhshaoil agus Gnóthai Tuaithe agus ag an Aontas Eorpach, arna sheachadadh i gcomhpháirtíocht le hEagraíocht Táirgeoirí Éisc Angla-Thuaisceart Éireann, le hEagraíocht Táirgeoirí Éisc Thuaisceart Éireann agus le Comhlachas Oiliúna Thionscal Éisc Mhara.



# SPREAGTAR SIOPADÓIRÍ LE CEANNACH GO HÁITIÚIL NÍOS MÓ NÁ RIAMH

Is micrifhiontair agus fiontair bheaga iad nócha faoin chéad de ghnólachtaí ar fud an cheantair, agus cuid mhaith acu ina ngnólachtaí teaghligh ag tacú le teaghligh áitiúla, ag cruthú post áitiúil agus ag fás ár ngeilleagair áitiúil.

Chun tacú le gnólachtaí áitiúla le linn 2020 sheol ár gCathaoirleach feachtas feasachta um Cheannaigh go hÁitiúil mar chuid de straitéis téarnaimh na Comhairle ó COVID-19 tar éis mhaolú na srianta dianghlása.

De réir mar a bhí gnólachtaí ag streachailt chun athshlánú agus chun a bheith inmharthana ar bhonn airgeadais, bhí sé ríthábhachtach gur thacaigh muid leo agus gur lean muid chun cónaitheoirí a spreagadh chun siopadóireacht a dhéanamh go háitiúil agus táirgí agus seirbhísí áitiúla a chur chun cinn. De réir mar a bhogann muid ar aghaidh tá sé níos tábhachtaí ná riamh go dtacaíonn daoine lena dtionscail agus lena soláthraithe áitiúla. Bhí deacrachtaí tromchúiseacha ag gach gnólacht le linn na bliana seo a chuaigh thart agus tá sé bunriachtanach go mbíonn an mhuinín agus an spreagadh ag an bpobal chun tacú leo. Trí shiopadóireacht áitiúil a dhéanamh cuidítear le gnólachtaí teacht slán agus a bheith rathúil arís.

Aithníonn an Chomhairle na dúshláin atá os comhair gnólachtaí beaga agus leanfaidh muid chun tionscnaimh um Cheannaigh go hÁitiúil a chur chun cinn. Taispeáin go dtacaíonn tú leis. Tabhair cuairt ar na siopaí áitiúla i mbailte ar fud cheantar an Iúir, Mhúrn agus an Dúin agus faigh amach go bhfuil rud éigin 'áitiúil' iontu do chách. Tá rud éigin ar leith le fáil i ngach baile agus tá siad oscailte le haghaidh do chuid gnó.



# Spreagtar gnólachtaí le coinneáil cothrom le dáta tar éis pleananna le haghaidh an tsaoil tar éis Brexit

*Tar éis imeacht an RA ón AE ag deireadh na hidirthréimhse, tá Prótacal Thuaisceart Éireann i bhfeidhm ón 1 Eanáir 2021.*

Bhí ullmhúchán le haghaidh an tsaoil tar éis Brexit rithábhachtach do ghnólachtaí; ach ní mór do ghnólachtaí coinneáil cothrom le dáta, áfach, maidir le hathruithe ar chomhaontuithe trádála agus ar idirbheartaíocht agus cad a bheidh i gceist mar gheall air sin ar bhonn oibriúcháin. Soláthraíonn Gnó IMD, rannóg Forbartha Eacnamaíche na Comhairle, comhairle, tacaíocht agus soiléiriú maidir le hacmhainní a bhaineann go sainiúil le Brexit. Tá sé sin ar fáil le cuidiú le gnólachtaí ar fud an cheantair áitiúil chun a mbealach a dhéanamh trí phróiseas Brexit.

**Is féidir le gnólachtaí tacaíocht a fháil trí na nithe a leanas a dhéanamh:**

- freastal ar sheimineáir ghréasáin Infheistíocht Thuaisceart Éireann
- clárú le haghaidh Seirbhís Tacaíochta do Thrádálaithe rialtas RA
- iarratas a dhéanamh ar dhearbháin phleanála Idir-Thrádáil Éireann.

Tá baint shuntasach idir rath agus fás bhonn gnó limistéar Chomhairle Ceantair an Iúir, Mhúrn agus an Dúin agus leanúint na trádála trasteorann le cur isteach teoranta. Glac beart anois.

**i** Le haghaidh nuashonruithe lean sinne ar [facebook.com/NMDBusiness](https://www.facebook.com/NMDBusiness) nó ar [twitter.com/NMDBusiness](https://twitter.com/NMDBusiness)

## Córas TF Pleanála soláimhsithe nua

**In éineacht le Roinn an Bhonneagair agus naoi gComhairle eile dhámh muid conradh go comhpháirteach maidir le córas TF Pleanála réigiúnaí nua.**

Tá £14m á infheistiú againn le chéile d'fhonn seirbhís pleanála níos freagrúla agus níos éifeachtúla a chumasú ar fud rialtais áitiúil agus lárnach araon, lena n-áirítear príomhsheirbhísí a thabhairt ar líne amhail iarratais a chur isteach. Beidh sé sin ina thairbhe suntasach maidir le téarnamh eacnamaíoch a thacú i gcomhthéacs COVID-19. Táthar ag súil go gcuirfean an córas nua i bhfeidhm go céimneach ó dheireadh 2021 go dtí go luath in 2022.



## MARGAÍ NA GGEARDAITHE

**Tar éis thógáil na srianta i mí Iúil 2020, chuir an Chomhairle tús arís le margaí na gceardaithe ar a raibh an-tóir i gcomhpháirtíocht lenár gniomhairí seachadta.**

Bhí táirgeoirí bia agus ceardaithe in ann a gcuid earraí a dhíol ag sraith margaí a reáchtáladh i nDún Pádraig, i gCaisleán nua agus sa Phointe. Tarraingíodh líon suntasach de shiopadóirí chuig na margaí ar aon dul le rialacháin COVID-19. Cuireadh ioncam luachmhar ar fáil do na sealbhóirí stallála leis sin le linn na tréimhse deacra seo.



## Maoiniú le cuidiú leat do scileanna Gaeilge a fheabhsú

*Trí scéim sparánachtaí Gaeilge na Comhairle cuidítear le daoine ar mian leo a gcuid scileanna Gaeilge a fheabhsú trí scoláireachtaí nó sparánachtaí le haghaidh cúrsaí, agus coláistí Gaeltachta, dianchúrsaí agus cúrsaí tríú leibhéal san áireamh a tharlaíonn laistigh de bhliain airgeadais na Comhairle (1 Aibreán – 31 Márta).*

Ní chlúdaíonn an sparánacht ach táillí an chúrsa agus tá iarratasóirí cáilithe in ann iarratas a chur isteach ar 50% de na táillí iomlána don chúrsa, suas le huasmhéid £300 san iomlán.

### Ní foláir nó go mbaineann na nithe a leanas le hiarratasóirí uile:

- tá siad ina gcónaí i limistéar Chomhairle Ceantair an Lúir, Mhúrn agus an Dúin
- i gcás mionaoiseach (faoi 18 mbliana d'aois), tá cead ó thuismitheoir/chaomhnóir acu chun freastal ar an chúrsa Gaeilge
- tá siad cláraithe chun freastal ar chúrsa Gaeilge
- níl scoláireacht acu cheana féin as cistí poiblí (eg sparánacht Líofa)
- ní mór dóibh an cúrsa Gaeilge a chríochnú trí fhreastal ar a fhad iomlán
- ní mór dóibh cruthúnas a sholáthar ar íocaíocht táillí iomlána agus ar fhreastal ar an chúrsa Gaeilge.



Tá an fhoirm iarratais agus na nótaí treoracha ar fáil le híoslódáil ó láithreán gréasáin na Comhairle

[www.newrymournedown.org/gaeilge](http://www.newrymournedown.org/gaeilge) nó is féidir iad a fháil trí theagmháil a dhéanamh le hAonad na Gaeilge ar theileafón ar **0330 137 4028** nó seol ríomhphost chuig [gaeilge@nmandd.org](mailto:gaeilge@nmandd.org)

# An Scéim Cúnaimh Airgeadais

**Tá córas maoinithe ar líne ag an Chomhairle anois maidir le Deontais Cúnaimh Airgeadais agus sruthanna maoinithe. Is féidir an tseirbhís a rochtain trí [www.newrymournedown.eformz.info](http://www.newrymournedown.eformz.info)**

Leis sin, ligeadh do sheachadadh beart Freagartha agus Athshlánaithe um COVID-19 ar fud an cheantair faoi éagsúlacht leathan de théamaí. Leanann Aonad na gClár chun tacú le deontais phobail maidir le hoibreacha caipitil agus mionoibreacha chomh maith le Deontais Chaipitil Spóirt. Bhí tionscadail foirgníochta caipitil ar siúl ar feadh COVID-19.

Áirítear le samplaí de thionscadail a tacaíodh:

- ionaid phobail a athchóiriú
- uasghráduithe ar pháirceanna spóirt
- foirgnimh phobail a shíneadh
- tionscadail fóillíochta ilspóirt
- foirgnimh moil phobail
- saoráidí spóirt a dheisiú agus a athchóiriú
- téamh a uasghrádú/a dheisiú
- saoráidí gléasta
- moil chaithimh aimsire.

Mar fhreagairt ar COVID-19, soláthraíodh maoiniú breise maidir le Tacaíocht um COVID-19 trí Chomhairle Phobail an Lúir, Mhúrn agus an Dúin de chuid Roinn na bPobal, Cónaidhm na nGrúpaí Pobail agus Líonra Pobail Tuaithe Chontae an Dúin.



Le haghaidh faisnéis bhreise a fháil déan teagmháil le hAonad na gClár ar **0330 137 4040**, nó seol ríomhphost chuig [programmesunit@nmandd.org](mailto:programmesunit@nmandd.org)

## Ár lorg carbóin a laghdú

**Tá méid mór faisnéise i seilbh na Comhairle, i gcruachóip agus i bhfoirm leictreonach araon, tar éis mhalgamú na gComhairlí in 2015.**

Bhí ár mBainistíocht Taifead á nuachóiriú againn le déanaí, agus lorg carbóin na Comhairle á laghdú agus taifid á ndigitíú nuair is féidir. Mar thoradh ar thionscadal 'glanadh sonraí' ar fud na Comhairle rinneadh 13 thona de thaifid pháipéir a dhiúscairt. Trí obair Bainistíochta Taifead na Comhairle cuidítear linn ár n-oibleagáid a chomhlíonadh maidir le hiarratais ar fhaisnéis.



## Caife ina nasc amuigh faoin spéir álainn



I mí Dheireadh Fómhair, chuaigh Fóram DEA Shliabh Crúibe i gcomhar le Líonra Pobail Tuaithe Chontae an Dúin chun tionscnaimh um Naisc Arís le Caife Lasmuigh a eagrú d'fhonn cuidiú le daoine teagmháil a dhéanamh arís le daoine eile tar éis na dianghlasála.

Bhí baill an phobail in ann teacht agus dul ag siúl ina mbolgán agus sult a bhaint as cupán tae nó caife ina dhiaidh sin. Le linn na dianghlasála d'fhulaing go leor daoine leithlisiú sóisialta agus tuaithe, rud a mbíonn tionchar aige ar shláinte mhothúcháin agus ar fholláine. Chomh maith leis an spás álainn, iontach inár gceantar a thabhairt chun suntais, bhí na siúlóidí sin dírithe ar dhaoine a thacú chun teacht amach arís go sábháilte agus chun sláinte mheabhrach a threisiú.



## Ag tacú le cónaitheoirí BME inár gceantar

D'eagraigh Fóram DEA Shliabh gCuillinn agus an tIonad Tacaíochta do Mhionlaigh Eitneacha dhá sheisiún faisnéise do phobail BME atá ina gcónaí sa Bhaile Úr.

Ba é an aidhm cuidiú le pobail Ghorma agus Mionlaigh Eitnigh teagmháil a dhéanamh le príomhsheirbhísí agus le faisnéis sa cheantar. San imeacht i Feabhra 2020 cuireadh faisnéis ar fáil maidir le conas clárú leis an Oifig Gnóthaí Baile, agus chuidigh sé le daoine chun Comhairle TÉ a rochtain. Bhí ceardlann san áireamh leis maidir leis an chóras Creidmheasa Uilíoch. Is iad Ionad na nImlirceach agus Comhairle TÉ a d'éascaigh na seisiúin faisnéise ar an oíche. D'fhreastail níos mó na 60 rannpháirtí ar na seisiúin a bhí ar siúl in Ionad Pobail an Bhaile Úir.

## Tugtar rabhadh do dhaoine óga gur féidir marú le buille amháin de dhorn

**Ba é riosca méadaithe an fhoréigin mar thoradh ar dhruaí agus ar alcól ina fhócas de cheardlann sna Beanna Boirche dar teideal 'Is Féidir Marú le Buille Amháin de Dhorn'**

Bhí an cheardlann ina cuid de chlár imeachtaí arna reáchtáil ag Fóram DEA Bheanna Boirche i gcomhpháirtíocht leis an PSNI, leis an Chomhpháirtíocht Póilíneachta agus Sábháilteachta Pobail agus le grúpaí áitiúla. Ina theannta sin, tugadh faoi thionchar na drochíde sa chlár ar dhaoine aonair, ar theaghlaigh agus ar phobail, agus sainaitníodh conairí leis maidir le tacaíocht.

## Feachtas Feasachta Pobail maidir le Néaltrú

**D'fhéadfadh sé a bheith deacair chun a shamhlú conas mar atá sé do dhaoine atá ag maireachtáil le néaltrú. Dá bhrí sin, le trealamh speisialta agus timpeallacht ionsamhlaithe ann, tá Turas Bus um Néaltrú Fíorúil ag iarraidh bheith ina chuidiú.**

Stad an bus ag an Phointe mar chuid d'imeacht a bhí eagraithe ag Fóram DEA Chrotshliabh i gcomhpháirtíocht le rannóg um Chur Chun Cinn Folláine Iontaobhas Sláinte agus Cúraim Shóisialta an Deiscirt. Agus é dírithe orthu siúd a thugann cúram do dhaoine mhuinteartha ag a bhfuil néaltrú, bhíothas ag súil go ndéanfadh rannpháirtithe tascanna simplí le linn an turais le cuidiú leo ionbhá a léiriú leis na dúshláin a d'fhéadfadh a bheith ag daoine ag a bhfuil néaltrú. Tionóladh seisiúin faisnéise phoiblí freisin roimh an imeacht i Feabhra 2020 agus is féidir atreoruithe a dhéanamh maidir le seirbhísí tacaíochta leantacha.







## Nasctar cónaitheoirí trí chúrsa grianghrafadóireachta ealaíon cruthaitheach ar líne

Bhain cónaitheoirí i DEA Dhún Pádraig an leas is mó as a bhfóin chliste le linn chlár cheithre sheachtain maidir le Grianghrafadóireacht Ealaíon Cruthaitheach.

Rinne grianghrafadóir ag a raibh taithí idirghníomhú go fíorúil le rannpháirtithe le cuidiú leo scileanna nua a fhorbairt agus úsáid éifeachtach a bhaint as a bhfóin chliste chun grianghraif a thógáil. Spreagadh iad chun grianghraif a thógáil agus roinnt réimsí téamacha á gclúdach lenar áiríodh Aitheantas Pearsanta, Bheith i dTiúin leis an Dúlra, Mo Theaghlach agus Mé Féin agus Ár Stair Chomhroinnte. Ansin chomhroinn na rannpháirtithe na heispéiris sin lena chéile.

Cuireadh deis ar fáil leis an tionscnamh sin freisin dóibh siúd a bhí rannpháirteach le hidirghníomhú ar líne agus cairdeas a dhéanamh le linn phaindéim COVID-19. Tá imeacht dhá uair leantach beartaithe ina mbeidh na rannpháirtithe in ann a gcuid saothar a thaispeáint in éineacht le saothair ó DEAnna eile.

## Níos mó ná peil sráide amháin

An pheil, cairdeas a dhéanamh agus scileanna nua a fhoghlaim – sin cuid de ‘Chiceanna an Phobail’ san Iúir an fómhar seo caite.

Rinne DEA an Iúir, i gcomhpháirtíocht le Comhpháirtíocht Póilíneachta agus Sábháilteachta Pobail agus leis an Tionscadal RESPECT, an clár gníomhaíochtaí lasmuigh rathúil a óstáil i Mean Fómhair agus i nDeireadh Fómhair anuraidh. Eagraíodh gníomhaíochtaí Chiceanna an Phobail freisin le tacaíocht ó chumainn phobail áitiúla.

Leis an chlár peile sráide tarraingíodh daoine óga le bheith rannpháirteach gach seachtain ó ar fud cheantar Chathair an Iúir, agus gníomhaíocht spraiúil á soláthar i spásanna sábháilte, comhroinnte. Cuireadh deiseanna ar fáil sna seisiúin freisin chun comhrá a dhéanamh faoi theachtaireachtaí tábhachtacha maidir le sábháilteacht, bród sa phobal agus sláinte agus folláine mhaith.




## Tiomáin le cúram agus cuir deireadh le timpistí

Is fadhb choitianta iad bóithre plúchta, go speisialta ag pointí fágála agus bailithe.

I gcomhpháirtíocht leis an PSNI, thug Fóram DEA Rudha Álainn cuairt ar bhunscoileanna Naomh Iósaif agus na hAbhann Glaise i gCrois Ghearr le labhairt faoi shábháilteacht ar bhóithre agus páistí ag taisteal chun na scoile agus ag teacht abhaile.

D'aithin an PSNI an dá scoil sin mar chinn ag a raibh plúchadh ar an bhóthar ag amanna fágála agus bailithe agus roghnaíodh iad ansin chun páirt a ghlacadh sa tionscadal. Bhí páirceáil dhúbailte ag geataí na scoile, trasnú an bhóthair go sábháilte agus éadaí geala a chaitheamh i measc na saincheisteanna a pléadh agus bhí na daltaí rannpháirteach maidir le moltaí a dhéanamh chun iad féin a choimeád sábháilte ar an bhóthar. Mar chuid den tionscnamh iarradh ar pháistí póstaer a ullmhú, agus roghnaíodh na ceithre cheann is fearr le bheith ar mheirge uiscdhíonach a dhéanfaí a thaispeáint ag an scoil. Fuair na páistí a roghnaíodh a bpóstaer le bheith ar an mheirge dearbhán le dul chuig pictiúrlann áitiúil lena dteaghlai. Tá na meirgí ar taispeáint faoi láthair ar ráillí na scoile, agus cuimhneachán laethúil á sholáthar do chách chun tiomáint le cúram agus deireadh a chur le timpistí.



[www.newrymournedown.org/corporate-publications](http://www.newrymournedown.org/corporate-publications)

# Plean Corparáideach 2021–23

D'fhoilsigh an Chomhairle an dara Plean Corparáideach dá cuid, lena gclúdaítear an tréimhse dhá bhliain 2021-2023.

Trí fhorbairt a dhéanamh ar an dul chun cinn agus ar éachtaí na gcéad chúig bliana dá chuid, déanfar treoir thodhchaíoch na hoibre agus na seirbhísí a sholáthraíonn sí a mhúnlú leis an Plean amach anseo.

Sa phlean leagtar amach fíis uailmhianach agus cuspoirí straitéiseacha na Comhairle. Agus é treoraithe ag próiseas dian rannpháirteachais, tugtar an méid chun suntais a theastaíonn ón Chomhairle le baint amach le linn an dá bhliain le teacht chun an ceantar a dhéanamh ina cheann de na háiteanna is fearr le cónaí agus le hoibriú ann, le hinfheistiú agus le dhéanamh ann agus le cuairt a thabhairt air.

Leis an Plean Corparáideach nua seo treorófar gníomhaíochtaí na Comhairle agus leithdháileadh na n-acmhainní dá cuid amach anseo. Tríd an mhéid sin a dhéanamh, oibreoidh an Chomhairle go dlúth lena comhpháirtithe uile i rialtas ó thuaidh agus ó theas, agus leis na hearnálacha príobháideacha, poiblí agus deonacha freisin, agus déanfaidh sí a dícheall chun tacaíocht forbartha agus acmhainní a sholáthar don fhoireann a theastaíonn uathu le haghaidh torthaí níos fearr a bhaint amach agus seirbhísí ardchaighdeáin a sholáthar.

## Seo a leanas ár bhfís mar Chomhairle:

Ta muid uailmhianach agus is mian linn go mbeidh ár gceantar ar cheann de na háiteanna is tarraingtí agus is fearr le cónaí ann, le hoibriú ann, le hinfheistiú ann agus le cuairt a thabhairt air.

Ba mhaith linn an méid a leanas a dhéanamh:

- deiseanna a chruthú do dhaoine áitiúla agus dár bpobail le bheith rathúil trí fhorbairt eacnamaíoch a thacú atá inbhuanaithe agus atá ina cuidiú leo saolta sásúla a bheith acu
- ár gceantar a chumasú chun éirí ina áit atá tarraingteach agus fáilteach le cuairt a thabhairt air nó gnó a dhéanamh ann
- stíleanna maireachtála níos sláintiúla agus níos gníomhaí a chur chun cinn agus a éascú
- tacaíocht a thabhairt do phobail ionas go mbeidh siad aontaithe agus sábháilte, agus go mbeidh daoine rannpháirteach go gníomhach sa saol cathartha
- ár gcomhshaol a mhéadú, a chosaint agus a chur chun cinn do thaitneamh cónaitheoirí agus cuairteoirí an lae inniu agus ar mhaithe leis na glúnta le teacht
- saoráidí nua-aimseartha, inacmhainne agus inrochtana a sholáthar lena gcuirtear cáilíocht níos fearr na beatha ar fáil do gach duine – go háirithe do na daoine agus do na háiteanna siúd óna

dteastaíonn an tacaíocht is mó.

## Is é ár misean mar Chomhairle:

“Chun tacaíocht agus abhcóideacht a sholáthar le haghaidh ceantar fáilteach atá forásach, sláintiúil agus inbhuanaithe, agus torthaí eacnamaíoch, comhshaoil agus sóisialta níos fearr á soláthar do gach duine”.

D'fhonn cur ar ár gcumas ár Misean a bhaint amach agus ár bhFís a réadú díreoidh muid ar ocht gcuspóir straitéiseacha don da bhliain le teacht:

Déanfaidh muid na nithe a leanas:

- 1 Infheistiú agus dhéanamh i ngnólachtaí nua agus i gcinn atá ag fás agus tacaíocht a thabhairt dóibh, agus i gcruthú post agus scileanna fostaíochta
- 2 Leanúint le sláinte agus folláine gach duine sa cheantar a fheabhsú agus le neamhionannais sláinte a laghdú
- 3 Ár gcomhshaol a mhéadú, a chosaint agus a chur chun cinn
- 4 Tacaíocht a thabhairt do chineálacha turasóireachta inbhuanaithe lena dtugtar meas dár gcomhshaol agus dár n-oidhreacht chultúrtha
- 5 Daoine a chumasú agus a thacú chun páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí ionchuimsitheacha agus éagsúla sna pobail dá gcuid
- 6 Athbheochan ár gcathrach, ár mbailte, ár

sráidbhailte agus ár bpobal tuaithe a chur chun cinn

- 7 Seirbhísí inrochtana, ardchaighdeáin agus comhtháite a sholáthar trí fheabhsú leanúnach
- 8 Abhcóideacht a dhéanamh le daoine eile chun leasa daoine uile an cheantair

Faoi dheireadh na tréimhse dhá bhliain seo is í ár n-aidhm na nithe a leanas a bhaint amach:

- méadú ar infheistiú sa bhonneagar lena gcumasaítear fás eacnamaíoch todhchaíoch an cheantair
- infheistiú mhéadaithe sa mhéid a chuirtear ar fáil mar thurasóireacht inbhuanaithe
- níos mó daoine ag glacadh páirt i gclár shláinte sprioctha d'fhonn stíleanna maireachtála níos sláintiúla a spreagadh
- laghdú leanúnach ar dhramhaíl bhargasach in-bhithmhílte a sheoltar go líonadh talún
- saoráidí comhdhála nua agus saoráidí amharclainne feabhsaithe
- pobail chumhachtaithe a imríonn tionchar ar sheirbhísí áitiúla agus ar fhorbairt áitiúil
- Comhairle bhunathraitheach i dtéarmaí seirbhísí a sholáthar agus a sheachadadh
- Comhairle chumhachtach ag a bhfuil tionchar a leanann le habhcóideacht a dhéanamh ar son a saoránach uile.



## Riachtanais cónaitheoirí tuaithe a chomhlíonadh

Tugadh an tAcht um Riachtanais Tuaithe (TÉ) 2016 isteach agus an aidhm ag baint leis de chuidíú lena chinntiú go dtugann údaráis phoiblí riachtanais daoine i dtuathlimistéir san áireamh ar bhonn atá leabaithe níos daingne. Cuirtear sin san áireamh nuair a dhéantar beartais, straitéisí agus pleananna a fhorbairt, a ghlacadh agus a athbhreithniú, agus nuair a dhéantar seirbhísí poiblí a dhearadh agus a sheachadadh.

I Meán Fómhair 2019, ba í Comhairle Ceantair an Lúir, Mhúrn agus an Dúin ceann de dhá chomhairle a fuair cuireadh ó Roinn na Talmhaíochta, Comhshaoil agus Gnóthaí Tuaithe (DAERA) le bheith ina gcuid de ghrúpa oibre beag le hionadaithe ó ranna rialtais agus ó na hearnálacha reachtúla agus deonacha chun athbhreithniú a dhéanamh ar fheidhmíú an Achta um Riachtanais Tuaithe (2016) go dtí seo. Ba é cuspóir an athbhreithnithe measúnú a dhéanamh ar éifeachtacht na mbeart tacaíochta a bhí curtha i bhfeidhm ag DAERA chun tacú le húdaráis phoiblí an tAcht a chur i bhfeidhm agus le haghaidh feabhsuithe ionchasacha ar bith a shainiú. Aithníodh 25 mholadh leis an athbhreithniú, lena áiríodh cláir oiliúna bhreise agus Lónra Riachtanais Tuaithe a thabhairt isteach.



Tá ár dTuarascáil Monatóireachta Bhliantúil um Riachtanais Tuaithe le haghaidh Aibreán 2019 go Márta 2020 ar fáil le híoslódáil ónár láithreán gréasáin

[www.newrymournedown.org/equality](http://www.newrymournedown.org/equality)



## Tá Daonáireamh 2021 Ag Teacht Gan Mhoill

Daonáireamh Tí 2021

Ní tharlaíonn an Daonáireamh ach uair amháin gach deich mbliana agus tugtar faisnéis dúinn leis maidir leis na daoine agus na bailte i dTuaisceart Éireann. Tharla an daonáireamh deireanach in 2011 agus rinneadh 1,810,900 duine a chomhaireamh leis a bhí ina gcónaí anseo.

Faigheann an chuid is mó de na bailte litir le cód rochtana uathúil, lena ligtear dóibh an ceistneoir a chomhlánú ar a ríomhairí, ar a bhfóin nó ar a dtáibléid. Beidh ceistneoirí ar fáil i bpáipéar freisin.

Baintear úsáid as an fhaisnéis a bhailítear sa daonáireamh le cuidiú le cinntí a dhéanamh maidir le conas a dhéantar seirbhísí rithábhachtacha amhail oideachas, iompar agus sláinte a phleanáil agus a mhaoiniú, lena n-áirítear an dóigh a ndéantar na milliúin punt a infheistiú i seirbhísí éigeandála, in áiteanna scoileanna, i dtithe agus i mbóithre ar fud cheantar na Comhairle.

Is é lá an daonáirimh an 21 Márta 2021, ach gheobhaidh tithe ar fud Thuaisceart Éireann litreacha le cóid ar líne lena ligfeadh dóibh páirt a ghlacadh ó thús Mhárta.



Le haghaidh faisnéis bhreise a fháil, féach [census.gov.uk/ni](http://census.gov.uk/ni) nó lean ar Facebook agus Twitter [@NICensus2021](https://twitter.com/NICensus2021). Is féidir leat níos mó fíricí faoin daonáireamh ó 2011 agus ó bhlianta roimhe sin a fháil ag [nisra.gov.uk/statistics/census](http://nisra.gov.uk/statistics/census)

## An tSeirbhís Rialaithe Tógála agus Ceadúnaithe

Rinne an roinn Rialaithe Tógála na nithe a leanas anuraidh:

- fuair siad 3,026 iarratas
- rinne siad 12,956 iniúchadh ar láithreáin
- rinne siad 2,593 dheimhniú réadmhaoine a phróiseáil
- rinne siad 11 struchtúr chontúirteacha a iniúchadh agus a réiteach.

Thug Rialú Tógála seirbhís ar líne nua isteach le haghaidh iarratais um Fhógraí Tógála agus Rialtacha a chur isteach.

Féach [www.newrymournedown.org/making-an-application](http://www.newrymournedown.org/making-an-application)

Tá an rannóg Ceadúnaithe freagrach as reachtaíocht um cheadúnú a fhorfheidhmíú. D'eisigh sí 260 Ceadúnas Siamsaíochta agus 2 Cheadúnas Pictiúrlainne, 71 Cheadúnas Peitriam, 13 Chead d'Áiteanna Siamsaíochta, 29 gCeadúnas Trádála Sráide, 18 gCeadúnas um Áiteanna Pósta agus 39 gCeadúnas Crannchuir. D'eisigh sí 4,738 gCeadúnas Madaidh freisin. Tá an Rannóg Ceadúnaithe freagrach freisin as uimhreacha poist nua agus ainmneacha forbairtí nua a phróiseáil. D'eisigh sí 484 uimhir phoist nua mar aon le 24 ainm nua d'fhorbairtí, mar aon le 24 ainmpláta dhátheangacha.



## Plean Feabhsaithe Feidhmíochta 2019/20

Tá Comhairle Ceantair an Lúir, Mhúrn agus an Dúin tiomanta don dóigh a ndéantar seirbhísí a sheachadadh do gach duine ar fud an cheantair a fheabhsú ar bhonn leanúnach. Tá faisnéis faoinár ndul chun cinn maidir le cuspóirí feabhsaithe feidhmíochta 2019-2020 a sheachadadh sonraithe thíos.

Cuspóir Feabhsaithe Feidhmíochta	Dul Chun Cinn	Treocht Stádais
<p><b>Stíleanna maireachtála sláintiúla a spreagadh trí rannpháirtíocht mhéadaithe i bhfóillíocht, i spórt agus i ngníomhaíochtaí caithimh aimsire.</b></p> 	Méadú 1.7% ar thinreamh ag saoráidí fóillíochta na Comhairle	▲
	Méadú 55% ar thinreamh ag Ionad Fóillíochta an Dúin	▲
	Rátáil sástachta custaiméirí 73.5% i sé ionad fóillíochta na Comhairle	😊
	1 pháirc shúgartha nua arna hoscailt, 3 pháirc shúgartha arna mbunathrú agus 5 pháirc shúgartha arna n-uasghrádú	😊
	Ghlac 2,365 pháiste agus daoine óga páirt i dtionscnaimh Shúgartha Pobail agus i Scéimeanna Samhraidh*	😊
	Ghlac 10,793 rannpháirtí páirt sa tionscadal Gach Duine Gníomhach, agus an sprioc leagtha síos á sárú faoi 30%	😊
<p><b>Fás eacnamaíoch a fheabhsú trí ghnólachtaí nua a chruthú, trí fhás gnólachtaí atá ann cheana a thacú agus trí cheantar an Lúir, Mhúrn agus an Dúin a chur chun cinn mar cheann scríbe turasoíreachta den chéad scoth.</b></p> 	183 phost nua curtha chun cinn agus 203 ghnólacht nuathionscanta tacaíte trí ghníomhaíocht um ghnólachtaí nuathionscanta	😊
	29 ngnólacht tacaíte agus 133 phost cruthaithe trí Scéim Infheistíochta Gnó Tuaithe	😊
	198 ngnólacht tacaíte agus 24 phost nua cruthaithe trí chlár 'Fás IMD'	😊
	Duais an tionscnaimh fiontraíochta is fearr bronnta ar Chlár Geilleagair Shóisialta IMD i dTuaisceart Éireann 2020	😊
	Straitéis Forbartha Eacnamaíche do cheantar an Lúir, Mhúrn agus an Dúin arna forbairt	😊
	Tarraingíodh 116,120 cuairteoir chuig Féilte Eachtra Ollmhóire agus meastar gur gineadh £3.2m don gheilleagar áitiúil	😊
	73,138 gcúairt ag coisithe agus ag rothaithe taifeadta ag Glasbhealach Loc Victoria agus Dhroichead Bhaile Átha Cliath	😊
<p><b>Tionscnaimh athnuachana uiribí agus tuaithe a sheachadadh lena gcruthófar ceantar ar mian le daoine cónaí ann, oibriú ann agus infheistiú ann.</b></p> 	Seachadadh na bPleananna Gníomhaíochta AONB d'Fhainne Cnoc Shliabh gCuillinn agus do Loch Cuan agus Leath Cathail ar siúl	😊
	205,126 chuairt taifeadta ag Páirc Bhardasach an Phointe	😊
	Na 7 scéim feabhsaithe comhshaoil arna sainaitint i bPleananna Sráidbhailte ar siúl	😊
	Laghú ar chéatadán na gcásanna forfheidhmithe pleanála a próiseáladh laistigh de 39 seachtain	▼
	Agáí próiseála méadaithe maidir le hiarratais ar phleanáil áitiúil agus ar phleanáil mhór	▼
<p><b>Pobail áitiúla a spreagadh agus a chumasú chun páirt a ghlacadh i struchtúir agus i dtionscnaimh rannpháirteachais na Comhairle.</b></p> 	Ionadaíocht shuntasach ó na hearnálacha pobail, deonacha agus gnó ar struchtúir rannpháirteachais na Comhairle	😊
	Dámhadh níos mó ná £1.25m do 498 dtionscadal tríd an Scéim 'Baile Daingean'	😊
	5,741 ghléas atá feistithe i 727 teach tríd an Scéim 'Baile Slán'	😊
	Mothaíonn 94% de chónaitheoirí sábháilte i rith an lae agus mothaíonn 87% sábháilte tar éis thitim na hoíche	😊
	Leithdháileadh £20k do 26 thionscadal pobail trí 2 scéim buiséadaithe rannpháirtíochta	😊



### Ceantar níos glaine, níos glaise, níos tarraingtí a chruthú.



Méadú 2.3% ar ráta na hathchúrsála



Dramhaíl chuig líonadh talún: I measc na gComhairlí is fearr ó thaobh feidhmíochta de i dTuaisceart Éireann/méadú beag ar mhéid na dramhaíola a seoladh chuig líonadh talún



Laghdú 1.1% ar dhramhaíl ó ghabhdáin dhubha, méadú 13.9% ar dhramhaíl ó ghabhdáin ghorma agus méadú 6.5% ar dhramhaíl ó ghabhdáin dhonna



Osclaíodh Ionad Athchúrsála Dramhaíl Tí Dhún Pádraig



Laghdáíodh an scór maidir le glaineacht sráideanna (LEAMS) ó 72 go 64\*\*



Soláthraíodh cúnamh do 94 ghlantachán pobail agus ghlac 16 ghrúpa páirt sa tionscnamh Pobail Níos Glaise, Níos Glaine




Dámhadh £9,935 do 10 dtionscadal tríd an Scéim Feabhsaithe Bithéagsúlachta Áitiúla



\*D'fhéadfadh freastal leantach a bheith i gceist le Súgradh Pobail agus Scéimeanna Samhraidh

\*\*Córas Bainistíochta um Iniúchadh ar an Chomhshaoil Áitiúil a dhéantar ag Coinnigh Tuaisceart Éireann Álainn


## Conas a chaitheann muid do chuid airgid in 2020/21



Seirbhísí	% an iomláin	Costas in aghaidh £'000
Fóillíocht agus spórt	13%	£7,640
Seirbhísí pobail	4%	£2,141
Turasóireacht	5%	£3,102
Cultúr agus oidhreacht	3%	£1,693
Dramhaíl a bhailiú agus a dhiúscairt	21%	£12,224
Glanadh eile agus leithris phoiblí	4%	£2,660
Sláinte chomhshaoil	3%	£2,021
Reiligí, mionoibreacha agus ceadúnú	1%	£580
Rialú tógála	1%	£543
Pleanáil phobail	1%	£335
Forbairt eacnamaíoch	2%	£1,218
Beartas pleanála	2%	£1,005
Ionadaíocht dhaonlathach agus bainistíocht	2%	£1,215
Seirbhísí eile	26%	£15,564
Ús iasachtaí agus soláthar airgeadais	12%	£7,362

# Buiséad iomlán £59,302,000

# Do Chomhairleoirí



CROTSHLIABH

CROTSHLIABH

CROTSHLIABH

CROTSHLIABH

CROTSHLIABH

CROTSHLIABH

**Mark Gibbons**  
Independent  
mark.gibbons@  
nmandd.org

**Declan McAteer**  
SDLP  
declan.mcateer@  
nmandd.org

**Karen McKeivitt**  
SDLP  
karen.mckeivitt@  
nmandd.org

**Gerry O'Hare**  
Sinn Féin  
gerry.o'hare@  
nmandd.org

**Mickey Ruane**  
Sinn Féin  
michael.ruane@  
nmandd.org

**Jarlath Tinnelly**  
Independent  
jarlath.tinnelly@  
nmandd.org



AN tIÚR

AN tIÚR

AN tIÚR

AN tIÚR

AN tIÚR

AN tIÚR

**Charlie Casey**  
Sinn Féin  
charlie.casey@  
nmandd.org


**Valerie Harte**  
Sinn Féin  
valerie.harte@  
nmandd.org

**Gavin Malone**  
Independent  
gavin.malone@  
nmandd.org

**Roisin Mulgrew**  
Sinn Féin  
roisin.mulgrew@  
nmandd.org

**Michael Savage**  
SDLP  
michael.savage@  
nmandd.org

**Gary Stokes**  
SDLP  
gary.stokes@  
nmandd.org



BEANNA BOIRCHE

BEANNA BOIRCHE

BEANNA BOIRCHE

BEANNA BOIRCHE

BEANNA BOIRCHE

BEANNA BOIRCHE

**Willie Clarke**  
Sinn Féin  
willie.clarke@  
nmandd.org


**Laura Devlin**  
SDLP  
laura.devlin@  
nmandd.org

**Séan Doran**  
Sinn Féin  
sean.doran@  
nmandd.org

**Glyn Hanna**  
DUP  
glyn.hanna@  
nmandd.org

**Leeanne McEvoy**  
Sinn Féin  
leeanne.mcevoy@  
nmandd.org

**Harold McKee**  
UUP  
harold.mckee@  
nmandd.org



BEANNA BOIRCHE

SLIABH CRÚIBE

SLIABH CRÚIBE

SLIABH CRÚIBE

SLIABH CRÚIBE

SLIABH CRÚIBE

**Henry Reilly**  
Independent  
henry.reilly@  
nmandd.org

**Hugh Gallagher**  
SDLP  
hugh.gallagher@  
nmandd.org

**Róisín Howell**  
Sinn Féin  
roisin.howell@  
nmandd.org

**Alan Lewis**  
UUP  
alan.lewis@  
nmandd.org

**Cathy Mason**  
Sinn Féin  
cathy.mason@  
nmandd.org

**Andrew McMurray**  
Alliance  
andrew.mcmurray@  
nmandd.org



DÚN PÁDRAIG

**Dermot Curran**  
SDLP  
dermot.curran@  
nmandd.org




DÚN PÁDRAIG

**Cadogan Enright**  
Independent  
cadogan.enright@  
nmandd.org



DÚN PÁDRAIG

**Oonagh Hanlon**  
Sinn Féin  
oonagh.hanlon@  
nmandd.org



DÚN PÁDRAIG

**Gareth Sharvin**  
SDLP  
gareth.sharvin@  
nmandd.org



DÚN PÁDRAIG

**John Trainor**  
SDLP  
john.trainor@  
nmandd.org



RUDHA ÁLAINN

**Terry Andrews**  
SDLP  
terry.andrews@  
nmandd.org



RUDHA ÁLAINN

**Patrick Brown**  
Alliance  
patrick.brown@  
nmandd.org




RUDHA ÁLAINN

**Robert Burgess**  
UUP  
robert.burgess@  
nmandd.org



RUDHA ÁLAINN

**Kathryn Owen**  
DUP  
kathryn.owen@  
nmandd.org




RUDHA ÁLAINN

**William Walker**  
DUP  
william.walker@  
nmandd.org



SLIABH gCUILLINN

**Pete Byrne**  
SDLP  
pete.byrne@  
nmandd.org



SLIABH gCUILLINN

**Aoife Finnegan**  
Sinn Féin  
aoife.finnegan@  
nmandd.org



SLIABH gCUILLINN

**Mickey Larkin**  
Sinn Féin  
mickey.larkin@  
nmandd.org



SLIABH gCUILLINN

**Oonagh Magennis**  
Sinn Féin  
oonagh.magennis@  
nmandd.org



SLIABH gCUILLINN

**Barra Ó Muirí**  
Sinn Féin  
barra.omuiri@  
nmandd.org



SLIABH gCUILLINN


**David Taylor**  
UUP  
david.taylor@  
nmandd.org




SLIABH gCUILLINN

**Declan Murphy**  
Sinn Féin  
declan.murphy@  
nmandd.org

Is féidir an doiciméad seo a chur ar fáil ar iarratas i bhformáidí eile, lena n-áirítear braille, cló mór, clostéip agus i dteangacha eile. Dá mbeadh rochtain de dhíth ort ar na seirbhísí sin, déan teagmháil leis an Oifig Chumarsáide agus Margaíochta ar **0330 137 4006** nó seol ríomhphost chuig **marketing@nmandd.org**

 /nmdcouncil

 @nmdcouncil

0330 137 4000

[www.newrymournedown.org](http://www.newrymournedown.org)

## Teagmháil a Dhéanamh Uimhreacha Úsáideacha

### Seirbhísí Pobail

0330 137 4008

### Fóillíocht Laistigh

0330 137 4026

### Seirbhísí Cuairteoirí & Faisnéis faoi Tharraingtí

0330 137 4046

### Ionaid Athchúrsála Dramháil Tí

0330 137 4047

Ballykine, Ballynahinch,  
Bann Road, Castlewellan  
Camlough  
Cloonagh Road, Downpatrick  
Crossmaglen  
Drumanakelly  
Hilltown  
Kilkeel  
Newry  
Newtownhamilton  
Warrenpoint

### Oifig Pleanála

0330 137 4036

### Dramháil agus Forfheidhmiú

0300 137 4047

Bailiú Dramháola Toirtiúla  
Dramháil Tí agus Trádála  
Rialú Truailithe  
Leithris Phoiblí  
Athchúrsáil  
Bailiú Bruscair  
Glanadh Sráide  
Diúscairt Dramháola

### Uimhreacha Úsáideacha Eile

Rialú Tógála  
0330 137 4003

Reiligi agus Adhlacthaí  
0330 137 4005

Gearáin  
0330 137 4000

Rialú Madadh  
0330 137 4013

Sláinte agus Folláine  
Rialú Truailithe  
0330 137 4024

Ceadúnú  
0330 137 4030

An Chomhpháirtíocht  
Póilíneachta agus  
Sábháilteachta Pobail agus  
Dea-Chaidrimh  
0330 137 4038

Oifig Chlárúcháin (Breitheanna,  
Básanna agus Póstaí)  
0330 137 4041

### Uimhreacha Úsáideacha Teagmhála Éigeandála

Seirbhísí Éigeandála  
999 or 112

Ospidéal Chnoc na Nóiníní,  
an tIúr  
028 3083 5000

Ospidéal an Dúin, Dún Pádraig  
028 4461 3311

Líne um Theagmhais Tuilte  
0300 200 0100

Feidhmeannas Tithíochta  
0344 892 0901

Líonraí Leictreachais TÉ  
0345 764 3643

Seirbhís Éigeandála Ghás TÉ  
0800 002 001

Uisce TÉ  
0345 744 0088

Seirbhís Dochtúra Taobh  
Amuigh d'Uaireanta Gnó  
028 9260 2204 (Dún Pádraig)  
028 3839 9201 (An tIúr)

Neamh-Éigeandálaí/Póilíní  
101

Bóthar bactha/crann leagtha a  
thuairisciú  
0300 200 7899

lontaobhas Sláinte agus Cúraim  
Shóisialta an Deiscirt  
0800 783 7745  
(9rn-5in Luan go hAoine)

lontaobhas Sláinte agus Cúraim  
Shóisialta an Oirdheiscirt  
0300 100 0300  
(9rn-5in Luan go hAoine)

Líne Chabhrach 24 hUaire um  
Fhoréigean Tí & Gnéis  
0808 802 1414 (24 huaire)